Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Óige Ildánach

## Plean Óige Ildánach 2023–2027










Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*

# Óige Ildánach

**Creidiúintí na hÍomhá Clúdaigh**
**Chun tosaigh (Ó chlé go deas):** Youth Theatre Ireland le Barry Morgan, Comhpháirtíochtaí Óige Ildánach Áitiúil le Tara Donoghue, The Big Idea le Ruth Medjber, Helium Arts le Marcin Lewandowski
**Ar chúl (Ó chlé go deas):** Clár Cónaithe BLAST le Johanna Daly, Music Generation le Dave Keegan, Fighting Words le Piquant Media


| | |
|---|---|
| Brollach | 1 |
| Nótaí Buíochais | 3 |
| Réamhrá | 6 |
| Comhthéacs | 7 |
| Plean Óige Ildánach 2023–2027 Fís | 9 |
| Cruthaitheacht a Shainmhíniú | 11 |
| Prionsabail | 13 |
| Spriocanna Straitéiseacha | 16 |
| Gníomhartha | 24 |
| Aguisín 1 — Sainmhínithe | 38 |
| Aguisín 2 — Grúpa Comhairleach Saineolaithe Óige Ildánach | 43 |
| Aguisín 3 — An Méid Atá Bainte Amach Againn | 45 |
| Aguisín 4 — An Próiseas Comhairliúcháin | 50 |

Plean Óige Ildánach 2023–2027

# Brollach

Ní bheidh deireadh go deo leis an saibhreas agus na féidearthachtaí a bhaineann leis an gcruthaitheacht do leanaí agus daoine óga na tíre seo. Is iomaí deis a chuirtear ar fáil do dhaoine óga tríd an gcruthaitheacht chun iad féin a chur in iúl, chun dearcadh éagsúil a bheith acu i leith an domhain agus chun bealaí agus modhanna nua réitigh fadhbanna a fhiosrú. Leis an gcruthaitheacht, cuirtear ar chumas leanaí agus daoine óga a bheith ag smaoineamh go criticiúil agus go coincheapúil, an tsamhlaíocht agus an fhiosracht atá iontu a fhorbairt agus a bheith ag obair i gcomhar lena chéile. Cuireann an chruthaitheacht le folláine an duine óig, agus leis an taithí laethúil atá aige ar an saol.

Seoladh an chéad Phlean cúig bliana Óige Ildánach cúig bliana ó shin, sa bhliain 2017. Bunaíodh é de réir na tuisceana go bhfuil folláine agus rath leanaí agus daoine óga na tíre ag brath níos mó agus níos mó ar an gcumas atá iontu fadhbanna a aithint agus a réiteach, a bheith ag obair go comhoibríoch agus go trialach, a bheith ag smaoineamh go coincheapúil agus go samhlaíoch — i mbeagán focal, ar a gcumas a bheith cruthaitheach. Is féidir rath an chéad Phlean Óige Ildánach sin a thomhas de réir an raoin ilchineálaigh agus thar a bheith nuálach gníomhaíochtaí agus clár a tháinig ar an bhfód ina dhiaidh sin. Cúig bliana ar aghaidh agus tá an tuiscint ann go forleathan anois go bhfuil folláine agus gnóthachtáil fite fuaite le rannpháirteachas agus taithí chruthaitheach do gach leanbh agus duine óg.

Faoin bPlean Óige Ildánach seo, tá tionscnaimh nua chultúir agus chruthaitheachta curtha ar bun againn agus tá tionscnaimh a bhí ann cheana neartaithe agus feabhsaithe againn. Sa lá atá inniu ann, tacaíonn an Rialtas le go leor tionscnaimh príomhthábhachtacha amhail Scoileanna Ildánacha, Braislí Ildánacha agus an clár BLAST (Na Ealaíona Beo a Thabhairt do Scoláirí agus do Mhúinteoirí). Tá Music Generation anois ina chlár náisiúnta oideachais ceoil. Tá Boird Oideachais agus Oiliúna ag cur Comhpháirtíochtaí Óige Ildánach Áitiúla ar fáil ar bhonn píolótach. Gríosaíodh údaráis áitiúla na tíre trí Straitéisí Cultúir agus Cruthaitheachta. Táthar ag tacú le heagraíochtaí earnála chun amharclannaíocht na n-óg agus scileanna scríbhneoireachta cruthaithí a chur ar fáil do na mílte daoine óga. Tá tionscnaimh ealaíon agus cruthaitheachta á bhforbairt ag grúpaí pobail agus deonacha ar fud na tíre. Mar gheall ar Óige Ildánach, is í Éire an t-aon tír ar domhan a thionólann lá atá tiomnaithe go hiomlán do ghníomhaíochtaí cruthaitheacha a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga, is é sin Cruinniú na nÓg.

Bhíodh an chruthaitheacht ar imeall na sochaí; tá áit níos lárnaí á baint amach aici anois, ach mar sin féin, tá i bhfad níos mó le déanamh fós. Is ionann Plean Óige Ildánach 2023–2027 agus treoirphlean cruthaitheachta do leanaí agus daoine óga i gcaitheamh na chéad chúig bliana eile. Tá an Plean an-soiléir ó thaobh an tiomantais chun bealach a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga, go háirithe dóibhsean nach dtugtar cluas dá gcuid tuairimí go minic, iad féin agus an chruthaitheacht atá iontu a chur in iúl. Le hÓige Ildánach, aithnítear go bhfuil féith na cruthaitheachta i leanaí ón lá a rugadh iad, agus tacófar le hoideoirí luathbhlianta agus le cleachtóirí do leanaí in aois scoile cruthaitheacht babaithe agus leanaí óga a chothú trí fhorbairt ghairmiúil a dhéanamh. Ar fud an chórais oideachais ar fad, tabharfar spreagadh agus tacaíocht do scoláirí, do chinnirí scoile agus do mhúinteoirí ról lárnach a bheith acu maidir le pobail scoile atá cruthaitheach a chothú ar mhaithe le folláine na ndaltaí ar fad.

De réir mar a leathnaítear Óige Ildánach chuig Breisoideachas, Ardoideachas, Oiliúint agus Taighde, beidh sé ina nasc idir spéiseanna cruthaitheacha agus deiseanna gairme chun aird a tharraingt ar an raon leathan deiseanna fostaíochta atá amuigh ansin. Cuirfidh an obair seo leis na deiseanna atá ar fáil d'ealaíontóirí, do chleachtóirí cruthaitheachta agus d'eagraíochtaí trí thacú leis an bpríomhról atá ag an gcruthaitheacht i sochaí inbhuanaithe nuálach, agus trí bhéim a tharraingt ar an ról sin.

Forbrófar tuiscint níos doimhne ar na naisc idir an chruthaitheacht agus folláine de thoradh an dul chun cinn agus an chomhoibrithe seo, agus beifear in ann léacsacan soiléir cruthaitheachta a cheapadh dá mbarr. Le roinnt blianta anuas, chuaigh díograis, dúthracht agus iomas phobal uile an oideachais, na healaíon agus na cruthaitheachta go mór chun tairbhe dúinn ar fad. Táimid tiomanta do dhul chun cinn leanúnach a dhéanamh agus do bheith ag cur leis an mbonn fianaise láidir a spreagfaidh ceapadh beartais agus infheistíocht amach anseo ar mhaithe le leanaí, daoine óga agus sochaí na tíre.

Le Plean Óige Ildánach 2023–2027, is é bun agus barr na huaillmhéine comhroinnte atá againn an chruthaitheacht a leabú i gcroílár saoil leanaí agus daoine óga.



**Catherine Martin T.D.**
An tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán



**Norma Foley T.D.**
An tAire Oideachais



**Roderic O'Gorman T.D.**
An tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige



**Simon Harris T.D.**
An tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

# Nótaí Buíochais

Ba mhaith leis na ceithre Roinn buíochas a ghabháil leis na daoine sin go léir a raibh ionchur acu i bPlean Óige Ildánach 2023–2027, lena n-áirítear:

— Na leanaí agus daoine óga a roinn a gcuid tuairimí d'fhonn eolas a dhéanamh don Phlean.

— An Sainghrúpa Comhairleach maidir le hÓige Ildánach a roinn a gcuid ama agus a gcuid saineolais le linn fhorbairt an Phlean seo.

— Comhpháirtithe, comhoibrithe agus comhairlithe a chuidigh struchtúr na chéad chéime eile seo a mhúnlú.

— Comhghleacaithe sa Rialtas a thacaigh leis na cuspóirí straitéiseacha agus a chuir na hacmhainní ar fáil chun iad a chur i bhfeidhm.



Cruinniú na nÓg — Grianghraf le Mark Stedman



Traces Dance Ensemble — Grianghraf le Patrick Browne

# Réamhrá

Ón am a mbeirtear iad, bíonn leanaí óga ina ndaoine gníomhacha, inniúla agus cruthaitheacha agus ina mbaill den tsochaí, lena suimeanna, eispéireis, dúshláin agus dearcthaí dá gcuid féin. Tugann Éire aitheantas do chearta gach linbh agus duine óig, cumhdaithe i ndlí na hÉireann agus i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CNACL), lena n-áirítear an ceart ar thimpeallacht shláintiúil agus shábháilte, oideachas, súgradh agus rannpháirtíocht sna healaíona agus sa chultúr. Baineann scóip an Phlean Óige Ildánach seo le leanaí agus daoine óga ón am a mbeirtear iad go mbeidh siad 24 bliain d'aois.

Ba cheart cruthaitheacht na leanaí a chothú ar fud gach gné dá saoil ón am a mbeirtear iad — sa bhaile agus sa phobal, trí gach céim dá n-oideachas foirmiúil agus san iomaí bealach ina mbíonn leanaí ag súgradh, ag forbairt agus ag foghlaim i rith a saoil. Mar dhaoine fásta óga san ardoideachas agus sa bhreisoideachas, sa saol oibre, agus ina n-am saor, ba cheart go mbeadh na cumais chruthaitheachta sin á gcothú agus meas leanúnach a bheith orthu.

> Tacaíonn an chruthaitheacht leis an bhforbairt ar an acmhainneacht, samhlaíocht chriticiúil agus an gcumas chun réitigh núíosach a fhorbairt a bheidh mar eochair do shochaithe inmharthanacha, comhtháite sna deicheanna de bhlianta dúshlánacha atá le teacht.

Tá obair shubstaintiúil ar siúl le tamall chun an t-ionchas cruthaitheach atá i ngach leanbh agus duine óg a chumasú — taobh istigh agus taobh amuigh de na scoileanna araon. Áirithe leis sin tá feidhmiú an chéad Phlean Óige Ildánach (2017–2022) agus cuireann sé ardán daingean ar fáil chun tógáil air don Phlean Óige Ildánach nua don tréimhse 2023–2027.

Is é an togra lárnach atá sa Chlár Éire Ildánach ná go ndéanann rannpháirtíocht i ngníomhaíocht chultúrtha agus chruthaitheach cur chun cinn ar an bhfolláine i ndaoine aonair, sa phobal agus go náisiúnta. Ag oibriú thar líon de ranna rialtais agus a ngníomhaireachtaí, mar aon le comhpháirtíochtaí leis na hearnálacha deonacha agus cruthaitheacha, go dtí seo tá cumasú déanta ar infheistíochtaí ag an gClár Éire Ildánach a dhírigh ar thacaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht dhíreach le, agus rochtain ar, ghníomhaíochtaí cruthaitheacha san oideachas, institiúidí, tionscal, rialtas áitiúil, agus pobail. Lena chois sin tá dul chun cinn suntasach déanta ag an gClár chun an chruthaitheacht a phríomhshruthú isteach i bpolasaí poiblí trasna ranna rialtais. Chomh maith leis an gcruthaitheacht atá le brath go soiléir i gClár an Rialtais, tá níos mó aitheantais ná riamh á fháil ag an gcruthaitheacht i réimse de pholasaithe, lena n-áirítear cultúr, forbairt pobail, fiontraíocht, gníomhú ar son na haeráide, sláinte agus folláine, oideachas agus breisoiliúint, nuálaíocht, forbairt naisiúnta agus réigiúnach.

Tá cothú cruthaitheachta leanaí agus daoine óga mar ghné lárnach dá bhforbairt phearsanta agus shibhialta agus mar chuid dá n-oideachas sa chiall is leithne, mar chroílár d'aidhmeanna foriomlána Chlár Éire Ildánach. Tá an cur chuige d'fheidhmiú ghníomhartha Óige Ildánach go dtí seo ag léiriú pholasaí an rialtais a chuireann béim ar leith ar luach an chultúir agus na cruthaitheachta don duine aonair agus don tsochaí, chomh maith leis an tábhacht atá le tacaíocht a thabhairt do chleachtas cruthaitheach agus rannpháirtíocht chultúrtha. Freisin, léiríonn an cur chuige sin na treochtaí idirnáisiúnta reatha, ag aithint na mbuntáistí breise agus an luach spriocdhírithe a bhaineann le bheith páirteach i ngníomhaíochtaí cruthaitheachta, chomh maith le cearta atá aitheanta faoin CNACL ar rannpháirtíocht sna healaíona agus sa saol cultúrtha.

# Comhthéacs

Tá dul chun cinn mar shochaí déanta ag Éirinn i réimsí polasaithe sóisialta, oideachais agus geilleagair leis na deicheanna de bhlianta anuas. Ag breathnú chun cinn áfach, is léir gur cinntitheach lárnach den rathúlacht a bheidh sa chumas chun eolas agus saineolas a chur i bhfeidhm ar bhealaí nár samhlaíodh roimhe seo. Eochairscileanna dár rathúlacht sa todhchaí is ea a bheith cruthaitheach agus airgtheach, ag feidhmiú go comhoibríoch agus go turgnamhach, agus a bheith ag smaoineamh go coincheapúil.

Tá Plean Óige Ildánach ag leanúint den fhócas ar dheiseanna a chur ar fáil do dhaoine óga chun na heochairscileanna agus na hinniúlachtaí a fhoghlaim i dtaca le comhoibriú, smaointeoireacht chriticiúil, réiteach fadhbanna agus nuálaíocht. Spreagtar na scileanna sin trí chomhpháirteachas leis an gcruthaitheacht agus trí rochtain ar oideachas cruthaitheach i réimse de shuíomhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla. Lena chois sin, tá riar de chláir agus de thionscnaimh eile ann, taobh amuigh den scoil agus pobalbhunaithe. I gcás leanaí agus daoine óga a bhíonn ag iarradh forbairt a dhéanamh ar a scileanna sna healaíona agus sa chruthaitheacht faoi láthair, bíonn siad ag brath go mór ar soláthar pobalbhunaithe.

Thar thrí ócáid in Aibreán agus i mBealtaine 2021, chuir *Comhdháil Óige Ildánach 2021*[1] deis ar fáil chun breathnú ar thionchar Phlean Óige Ildánach go dáta, agus machnamh ar na chéad chéimeanna eile chun a chinntiú go mbeidh an soláthar do rochtain daoine óga ar ghníomhaíochtaí cruthaitheacha agus foghlaim chruthaitheach ionchuimsitheach agus thioncharach. Bhí comhaontú go forleathan faoin tionchar dearfach atá tagtha as an bhfócas athnuaite ar an gcruthaitheacht trí Chlár Éire Ildánach. Tháinig comhdhearcadh chun cinn i dtaca le tosaíochtaí don chéad chéim eile den Chlár Óige Ildánach.

Seo chuid de na heochairthéamaí a tugadh chun cinn i rith na bpléití comhdhála:

- an ceangal atá idir an chruthaitheacht agus an fholláine;
- cruthaitheacht agus ionchuimsiú — go háirithe ról na cruthaitheachta i bhforbairt ghuth na leanaí agus na ndaoine óga, leanaí agus daoine óga nach gcloistear ach go hannamh san áireamh;
- ról na cruthaitheachta sa seomra ranga — tríd an gcuraclam, trína bheith ag teagasc go cruthaitheach, ag cothú, ag tacú agus ag cumasú na cruthaitheachta;
- róil na ngairmithe san earnáil chomh maith le daoine óga faoi seach;
- an eacnamaíocht sa todhchaí agus na scileanna is gá chun bheith rathúil; agus
- chun an Plean nua Óige Ildánach seo a chur i bhfeidhm, beidh gá le fócas athnuaite ar thacaíocht don rannpháirtíocht sa Luathfhoghlaim agus Cúram agus Cúram Leanaí in Aois Scoile agus luathaosacht.

[1] https://www.creativeireland.gov.ie/en/news/creative-youth-conference-provides-valuable-insights-to-the-creative-needs-of-young-people/



Ceardlann Cnaguirlisí Rac-cheoil de chuid Chruinniú na nÓg
— Grianghraf le Peter Cavanagh

**Seo an fhís atá ag Plean Óige Ildánach:**

> “Éire ina bhfuil an chruthaitheacht i gcroílár shaol leanaí agus daoine óga, inar féidir leis an gcruthaitheacht cur go mór lena sonas, a bhfolláine agus a bhforbairt phearsanta agus, in aitheantas dá gceart go mbeadh guth acu i gcinnteoireacht, tabharfar éisteacht do leanaí agus daoine óga agus tabharfaidh siad a dtuairim faoi gach gné den obair seo.”





## Beidh an fhís sin cumasaithe ag...

### Polasaí

Cinntiú go mbeidh polasaithe a thacaíonn le heispéireis agus le torthaí thar gach gné de shaol leanaí agus daoine óga ag léiriú thábhacht agus luach na cruthaitheachta. Go sonrach, agus é ag díriú ar chruthaitheacht agus rannpháirtíocht chruthaitheachta a neadú mar ghné lárnach den éiceachóras oideachais níos leithne, tacóidh an Plean le polasaithe oideachais agus oiliúna ag gach leibhéal, ó Luathfhoghlaim agus Cúram go dtí Breisoideachas agus Ardoideachas, chun an chruthaitheacht a chorprú. Lena chois sin, leanfaidh an Plean de bheith ag déanamh ionchuir shubstaintiúla i seachadadh an pholasaí ealaíon agus cultúir. Cruthóidh clár taighde stór eolais, tógfaidh sé acmhainn taighde, lena n-áirítear, trí comhpháirtíochtaí ar fud suíomhanna acadúla, pobail agus cruthaitheachta, meastóireacht tacaíochta, agus cuirfidh sé fianaise agus léargas ar fáil chun polasaithe a threorú sa todhchaí;

### Cleachtadh

Oibriú le páirtithe leasmhara ag gach leibhéal chun a chinntiú go dtabharfar tacaíocht do leanaí agus daoine óga ina dtithe, i suíomhanna foirmiúla agus eile, i bhforbairt a n-inniúlachtaí cruthaitheachta agus tabhairt faoi dheiseanna cruthaitheachta. Aithníonn an Plean seo an gá atá le cothabháil a dhéanamh ar churaclam a thacaíonn le samhlaíocht, cultúr, na healaíona, an chruthaitheacht, teicneolaíocht, nuálaíocht, folláine, inbhuanaitheacht agus smaointeoireacht chriticiúil. Tugann sé aitheantas freisin don tábhacht atá le hinniúlachtaí cruthaitheachta a fhorbairt trí thionscadail agus gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus traschuraclaim agus trí chláir i suíomhanna pobail agus taobh amuigh den scoil. Déanfaidh feidhmiú an Phlean seo éascaíocht don chomhoibriú i measc Oideoirí agus ceannairí Luathbhlianta, Cleachtóirí ar Aois Scoile agus múinteoirí thar shuíomhanna príomhshrutha agus speisialta, bainistíocht scoile, Breisoideachas agus Ardoideachas, oibrithe óige agus pobail, ealaíontóirí agus cleachtóirí cruthaitheachta eile, tuismitheoirí & cúramóirí, rólchuspaí agus meantóirí, agus seirbhísí tacaíochta cuí, chun forbairt a dhéanamh ar chruthaitheacht dhúchasach leanaí agus daoine óga;

### Rannpháirtíocht

Rochtain uilíoch ar eispéireis chruthaitheachta a chinntiú do na leanaí agus daoine óga, taobh istigh agus taobh amuigh den oideachas foirmiúil. Cuirfidh forfheidhmiú an phlean seo deiseanna ar fáil do leanaí agus daoine óga chun dul i mbun cruthaitheachta ina mbaile féin, i luathfhoghlaim agus cúram agus i gcúram leanaí in aois scoile, sa scoil, sa Bhreisoideachas agus san Ardoideachas agus i dtimpeallachtaí pobail. Ag an am céanna, cinnteoidh an Plean go gcuirfear deiseanna breisithe ar fáil do leanaí agus daoine óga chun dul i mbun gníomhaíochtaí cruthaitheacha ar bhealach a thacaíonn le cothromas rochtana níos mó. Ag tógáil ar an dea-obair atá déanta ag Óige Ildánach sa réimse seo cheana féin, tabharfaidh an Plean tús áite do leanaí agus daoine óga nach gcloistear ach go hannamh agus a bhfuil leibhéal íseal rannpháirtíochta acu faoi láthair sa chruthaitheacht, sa chultúr agus sna healaíona, trí bhearta sonracha cothromais, éagsúlachta agus ionchuimsithe a fheidhmiú. Gné bharrthábhachtach den soláthar seo go gcinnteofar go leanfar den fhorbairt ar ghnéithe den Phlean Óige Ildánach i gcomhairliúchán le leanaí agus daoine óga, trí leas a bhaint as an *gCreat Náisiúnta do Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Chinnteoireacht.*[2]

### Comhpháirtíocht

Tá uaillmhian chomhroinnte agus iarracht chomhoibríoch bunriachtanach chun rathúlacht aon tionscnaimh a chinntiú. Mar Chlár uile-rialtais, tá tionscnaimh cumasaithe ag Éire Ildánach chun oibriú le fócas straitéiseach. Beidh feidhmiú an Phlean seo lárnaithe ar chomhoibriú leanúnach, straitéiseach i measc pháirtithe leasmhara Óige Ildánach go léir — idir ranna agus gníomhairí rialtais; idir earnálacha poiblí, cruthaitheachta agus deonacha/pobail; idir oideoirí agus a ndaltaí; agus idir na leanaí agus daoine óga féin. Trí oibriú i gcomhpháirtíocht, méadófar an tionchar a bheidh ag iarrachtaí aonair agus bainfear amach na torthaí is fearr ar fad do leanaí agus daoine óga.

[2] https://hubnanog.ie/participation-framework/

# Cruthaitheacht a Shainmhíniú

Tá i gceist leis an gcruthaitheacht ábaltachtaí nádúrtha an duine agus scileanna foghlamtha. Tá cumas i ngach duine do rannpháirtíocht agus léiriú cruthaitheachta; agus bíonn an t-eispéireas sin ina shásamh pearsanta. Is féidir an chruthaitheacht a chothú agus a fhorbairt, de réir mar a bhíonn daoine ag fás agus ag foghlaim, ag baint leas as a dtaithí, a dtimpeallacht agus a samhlaíocht. Ar an gcaoi a léiríonn leanaí agus daoine óga é, níl aon teorainneacha leis agus bíonn sé ag cruthú smaointe as intinn an duine féin chun iad a roinnt le daoine eile. Ag croílár na cruthaitheachta, tá saoirse le dul sa seans, an tsamhlaíocht a úsáid agus ionchas ann chun mothú spraoi, iontais agus sonais a mhúscailt. Mar thoradh ar smaointeoireacht chruthaitheach, faightear smaointe, déantáin agus cuir chuige a bhíonn bunaidh nó a mbíonn feidhm núíosach acu. Is féidir leis an gcruthaitheacht tionchair an-dearfacha a imirt ar fholláine, comhtháthú sóisialta agus forbairt gheilleagrach daoine aonair agus an tsochaí, agus léiríodh é sin go maith tríd an gClár Éire Ildánach go dtí seo.

Tá staidéar déanta ag síceolaithe ar an gcruthaitheacht ó na 1950í agus le blianta anuas tá fócas mór air do thaighde ollscoile agus d'fhoilsitheoireacht acadúil. Ag an am céanna, tá cothú scileanna agus iompraíochtaí atá comhcheangailte leis an gcruthaitheacht anois ina thosaíocht thábhachtach agus ina thoradh oideachasúil taobh istigh de go leor córais oideachais, in Éirinn agus ar fud an domhain araon. Chomh maith leis sin, tá fostóirí sa tóir anois níos mó ná riamh ar na scileanna agus na hiompraíochtaí céanna agus iad ag earcú fostaithe nua.

Ach tá cuid mhór díospóireachta fós ann, agus éagsúlacht tuairimí go minic, maidir le sainmhínithe na cruthaitheachta, ach is féidir a lán de na difríochtaí sin a mhíniú leis na comhthéacsanna difriúla ina bhfuil scileanna cruthaitheacha á n-úsáid. An rud a n-aontaítear go coitianta ná gur bealach smaointeoireachta atá sa chruthaitheacht, tacar de scileanna cognaíocha nach bhfuil aon ghaol eatarthu ach nuair a úsáidtear iad i gcomhcheangal ceadaíonn siad giniúint smaointe, réitigh agus déantán a bhíonn núíosach nó bunaidh go minic.

Chun críocha Phlean Óige Ildánach, is iad na scileanna agus na hiompraíochtaí is ábhartha ná na cinn a thacaíonn le forbairt agus foghlaim, amhail fiosracht, acmhainneacht, samhlú, disciplín, agus comhoibriú.

Rinne *Centre for Real World Learning* (CRWL)[3] de chuid Ollscoil Winchester na smaointe sin a fhorbairt sa rúibric seo a leanas a bhfuil glacadh go forleathan leis go hidirnáisiúnta.




▸ Figiúr 1 Cúig Nós Foghlama, Centre for Real World Learning, Ollscoil Winchester (CRWL)

[3] https://www.winchester.ac.uk/research/our-impactful-research/research-in-education/centres-networks-and-institutes/centre-for-real-world-learning/
[4] https://www.gov.ie/en/publication/611873-chief-inspector-reports/
[5] https://assets.gov.ie/24445/0517ed21ab3a49c7be88576ab334e2bc.pdf



Plean Óige Ildánach 2023–2027

> "San oideachas, is éard is cruthaitheacht ann ná leanaí agus daoine óga ag úsáid a gcumais shamhlaíochta chun a smaointe a athrú ó bhun chun smaointe agus réitigh bhunaidh agus nuálacha a chur ar fáil d'fhadhbanna. I gceist ann tá leanaí agus daoine óga ag dul i gcomhar le daoine eile chun fiosrú a dhéanamh agus hipitéis a thabhairt faoi eolas reatha, ag ceistiú toimhdí, cíoradh a dhéanamh ar fhéidearthachtaí agus rioscaí a thógáil. Mar thoradh ar an bpróiseas cruthaitheachta, bíonn táirgí agus torthaí i bhfoirm smaointe, dearcthaí agus déantáin bhunaidh agus nuálacha, a théann chun leasa don fhoghlaimeoir féin agus do dhaoine eile sa tsochaí i gcoitinne. Tá an próiseas cruthaitheachta san oideachas atriallach agus i gceist ann bíonn fás agus foghlaim inniúlachtaí, amhail ceardaíocht, léiriú, feabhsú agus a bheith dianseasmhach." [RO Cigireacht, 2021][4]

Go deimhin, tá na sainmhínithe céanna sin ina ngnéithe suntasacha den bhunús ar a bhfuil forbairt déanta ar thionscnaimh reatha Óige Ildánach san oideachas foirmiúil (ar nós Scoileanna Ildánacha, Braislí Cruthaitheachta agus FGL Múinteoirí), agus dá thoradh sin tá siad ina gcuid den mhachnamh atá déanta ag cigireacht an RO ar cheist na cruthaitheachta agus na foghlama: Tá sé soiléir go bhfuil smaointeoireacht Chigireacht an RO fós ag teacht go láidir le leagan CRWL. Cuireann na healaíona ardán uathúil ar fáil inar féidir le nuálaíocht agus cruthaitheacht a bheith rathúil, agus is féidir leis an gcruthaitheacht, agus ba chóir go mbeadh sí, ina gné de na disciplíní go léir agus a bheith i ngach suíomh foghlama. Croílár bunúsach de shochaí chruthaitheach is ea go gcinnteofar oideachas ealaíon d'ardchaighdeán do na leanaí, agus ba chóir go mbeadh an súgradh agus an tsamhlaíocht ag sníomh trí gach réimse den churaclam, ag gach leibhéal ó luathfhoghlaim agus cúram go dtí an t-ardoideachas. Deiseanna d'fhoghlaimeoirí iad sin chun a gcumais samhlaíochta, chruthaitheacha agus nuálacha a forbairt ina súgradh; sa cheol, amhránaíocht, drámaíocht, sna hamharcealaíona, litríocht agus damhsa; agus iad ag scríobh agus ag foghlaim agus iad ag sealbhú teanga; sa mhatamaitic agus sna heolaíochtaí; agus iad ag dearadh agus ag déanamh; nuair a oibríonn siad le bia nó nuair a bhíonn siad gafa le gníomhaíochtaí nuálacha agus fiontraíochta. Cuireann gach foghlaim deiseanna ar fáil chun cothú agus forbairt a dhéanamh ar an gcruthaitheacht. Léiríonn *Cairt na nEalaíon san Oideachas* (2012)[5] an dearcadh nach scil ná próiseas intleachtúil neamhspleách atá sa chruthaitheacht ach inniúlacht a mbeidh impleachtaí ollmhóra ag a láithreacht, nó a neamhláithreacht, ar fholláine phearsanta.

I rúibric na gCúig Nós Foghlama, aontaítear go bhfuil eilimintí san áireamh (go sonrach faoi 'dianseasmhach' agus 'disciplínithe') nach bhfuil infheidhmithe taobh istigh de chomhthéacsanna ar leith amhail Luathfhoghlaim agus Cúram, ina bhfuil an chruthaitheacht lárnaithe ar shúgradh agus fionnachtain do naíonáin agus leanaí óga.

Áirithe sa Phlean Óige Ildánach freisin, tá réimse de chláir phobalbhunaithe agus tionscnaimh eile atá deartha chun an rochtain atá ag leanaí agus daoine óga ar ghníomhaíochtaí cruthaitheacha a leathnú amach. Trí réimse leathan de dheiseanna á chur ar fáil i suíomhanna ilchineálacha, foghlaimeoidh leanaí agus daoine óga scileanna nua agus neartóidh siad a muinín de réir mar a fhorbraíonn siad ina mbaill ghníomhacha ionchuir dá bpobal den tsochaí i gcoitinne. Chun é sin a dhéanamh ba chóir iad a spreagadh chun toimhdí a cheistiú, cíoradh a dhéanamh ar fhéidearthachtaí, agus rioscaí a thógáil.

# Prionsabail

## Is é seo a leanas treoirphrionsabail Phlean Óige Ildánach 2023-2027 atá ag Éire Ildánach:

1. Caithfidh gníomhaireacht agus guth sa chinnteoireacht a bheith ag leanaí agus daoine óga i bhfeidhmiú Phlean Óige Ildánach 2023–2027.

2. Caithfidh na leanaí agus na daoine óga go léir deiseanna a bheith acu chun bheith cruthaitheach agus a scileanna cruthaitheacha a fhorbairt.

3. Is féidir tacaíocht a thabhairt agus forbairt a dhéanamh ag an am céanna ar an luach intreach, agus spriocdhírithe nó inaistrithe, atá ag gníomhaíochtaí cruthaitheacha.

4. Ní mór tacú le tuismitheoirí & cúramóirí, oideoirí, ealaíontóirí, agus cleachtóirí cruthaitheachta le go n-aithneoidís lárnacht agus luach na cruthaitheachta do leanaí agus daoine óga.



Cruinniú na nÓg — Grianghraf le Mark Stedman



The Kabin Music Generation — Grianghraf le Dave Keegan

# Sprioc Straitéiseach 1

## Deiseanna cruthaitheacha a éascú agus a chur ar fáil do leanaí agus daoine óga.

- Tús áite a thabhairt do ghuth leanaí agus daoine óga agus iad ag cur in iúl a dtuiscintí ilchineálacha ar an gcruthaitheacht agus i ndéanamh cinntí eolasacha faoi na rannpháirtíochtaí agus na deiseanna cruthaitheachta a bhfuil teacht acu orthu sna tionscnaimh go léir faoi Phlean Óige Ildánach.
- Am scoile agus spás scoile a chinntiú chun cumas a bheith ag oideoirí, leanaí agus daoine óga an chruthaitheacht a neadú i ngach gné den churaclam foirmiúil oideachais: mar chuid de sin beifear ag dul i gcomhairle le comhlachtaí polasaithe náisiúnta agus páirtithe leasmhara ábhartha.
- Deiseanna a chur ar fáil do léiriú agus freagairt chruthaitheach a thugann léargas ar iomlánaíocht na rannpháirtíochta atá ag leanaí agus daoine óga ina saol. A chinntiú go mbeidh soláthar leanúnach agus méadaithe de dheiseanna leathana agus ilchineálacha ar fáil do leanaí agus daoine óga sna pobail, taobh amuigh de chomhthéacsanna foirmiúla oideachais: mar chuid de sin beifear ag dul i gcomhairle le gníomhaireachtaí agus seirbhísí náisiúnta agus áitiúla.
- Tacú le tuismitheoirí & cúramóirí chun deiseanna don chruthaitheacht a chur ar fáil agus a spreagadh sa bhaile agus taobh amuigh den bhaile.
- Gníomhaíochtaí agus eagraíochtaí cruthaitheacha a cheangal le scoileanna agus spásanna pobail trí chainéil nua agus reatha chun freastal ar leanaí agus daoine óga: Lorgóidh agus éascóidh Óige Ildánach rannpháirtíochtaí struchtúrtha ionas go mbeidh daoine óga in ann freastal a fháil ar a riachtanais chruthaitheachta agus spreagadh a fháil dá gcumais chruthaitheacha.
- Úsáid ghníomhach a bhaint as an teicneolaíocht chun riachtanais chruthaitheachta a éascú do dhaoine óga, le linn dóibh a bheith ag fiosrú a n-ionchas féin agus mar thréaniarracht ann féin. Ag cur na teicneolaíochta i lámha daoine óga agus a bheith ag spreagadh inrochtaineachta, sin an eochair chun stádas na hÉireann a dhaingniú mar cheannaire domhanda sna tionscail chruthaitheachta, agus spreagann sé mionchíoradh agus léiriú i measc leanaí agus daoine óga.
- Oibreoidh Plean Óige Ildánach le hais thionscnamh Chlár Éire Ildánach, *Gníomhú don Aeráid agus Inbhuanaitheacht,* chun a dheimhniú go gcuirfear i gcrích an t-ionchas agus/nó an gá dul i bpáirt agus comhoibriú le leanaí agus daoine óga.

# Sprioc Straitéiseach 2

## Cothromas rochtana ar ghníomhaíochtaí cruthaitheachta a neartú do leanaí agus daoine óga nach dtugtar cluas éisteachta dóibh ach go hannamh.

Tús áite a thabhairt do leanaí agus daoine óga nach dtugtar cluas éisteachta dóibh ach go hannamh agus a bhfuil leibhéal íseal rannpháirtíochta acu faoi láthair sa chruthaitheacht, sa chultúr agus sna healaíona, trí bhearta sonracha cothromais, éagsúlachta agus ionchuimsithe a fheidhmiú:

— Tiomantas go bhforbrófar creat monatóireachta cothromais d'Óige Ildánach a chinnteoidh go dtuairisceoidh gach clár an bealach a gcumasaítear cothromas;

— Spriocghrúpaí tosaíochta a aithint agus a ainmniú do 2023–27 (bunaithe ar na sonraí atá againn cheana féin, m.sh. sonraí ITES) agus monatóireacht a dhéanamh ar thionchar na ngrúpaí sin; agus

— Soiléiriú a dhéanamh i rith an phlean faoin gcothromaíocht atá idir na cláir a bhfuil rochtain uilíoch orthu agus na cinn atá ina soláthar spriocdhírithe.

Trí roinnt solúbthachta a spreagadh i seachadadh na gclár i bpobail áitiúla, is féidir freagairt níos fearr a thabhairt ar na riachtanais shonracha atá ag leanaí agus daoine óga áitiúla. Lena chois sin, ní mór do na cláir agus na tionscnaimh Óige Ildánach iarracht a dhéanamh a bheith inrochtana thar speictream de riachtanais bhreise agus speisialta.





# Sprioc Straitéiseach 3

## Tacú leis an bhfeidhmiú ar Aistear, Creatchuraclam na Luath-óige.

— Tá obair chruthaitheach lárnach in *Síolta, an Creat Cáilíochta*[6] agus *Aistear, Creatchuraclam na Luath-óige*[7]. Forbraíodh na Dréachtphrionsabail d'Éascú na nEalaíon i gCur Chun Cinn na Súgartha agus na Cruthaitheachta sa Luathfhoghlaim agus Cúram faoin bPlean 2017–2022. D'fhonn bailchríoch a chur ar na Prionsabail agus iad a fhoilsiú i rith na chéad chéime eile den Chlár Éire Ildánach, déanfar cuir chuige ealaíonbhunaithe, ag neadú na bPrionsabal sa luathfhoghlaim agus cúram, a chur chun cinn trí thionscnaimh FGL agus polasaithe.

— Tacóidh an obair sin le feidhmiú straitéis an rialtais do naíonáin, daoine óga agus a dteaghlaigh, *Céad 5*[8], ina spriocanna don luathfhoghlaim dhearfach shúgradhbhunaithe.

— Deiseanna a aithint chun dul i dteagmhail go leathan leis an gcruthaitheacht i suíomhanna LFC, trí ETIM mar shampla.

[6] https://www.siolta.ie/
[7] https://www.ncn.ie/index.php/information-resources/aistear
[8] https://first5.gov.ie/

# Sprioc Straitéiseach 4

## Luach na cruthaitheachta a chur chun cinn ar fud an chórais Oideachais agus tacú leis na Creatchuraclaim sna scoileanna.

— Tacófar le ceannairí agus múinteoirí scoile i bhforbairt cuir chuige chruthaitheacha don teagasc agus foghlaim, ag cinntiú tiomantas agus rannpháirtíocht cheannaireachta na scoile, ag léiriú a ról lárnach i ndearadh, forbairt agus feidhmiú na dtionscnamh ionscoile d'Óige Ildánach.

— Tabharfar tacaíocht do sholáthraithe Oiliúna Tosaigh Múinteoirí chun na riachtanais atá in *Céim: Caighdeáin* (2020)[9] maidir leis an gcruthaitheacht.

— Cuirfear forbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil trí chláir náisiúnta tacaíochta agus trí thionscnaimh áitiúla agus réigiúnacha. Ba chóir go mbeadh soláthar de FGL áirithe ansin do chleachtóirí cruthaitheachta atá ag obair i scoileanna.

— Ba cheart d'fhorbairt curaclaim sa todhchaí machnamh a dhéanamh ar an mbealach ar féidir leis an gcruthaitheacht comhlánú a dhéanamh ar gach ábhar ionas gur féidir cuir chuige agus cleachtais chruthaitheacha a neadú i ngach gné den teagasc, foghlaim agus measúnacht.

— Éascóidh creatchuraclaim náisiúnta an léirmhíniú áitiúil agus beidh saoirse ag na scoileanna cláir a dhearadh chun freastal ar riachtanais aitheanta a bhfoghlaimeoirí.

— Mar ghné den éiceachóras atá dírithe ar fheabhsú agus cumasú, ag tacú le dea-chleachtas sa chruthaitheacht, nuálaíocht agus rannpháirtíochtaí cultúir i suíomhanna Luathfhoghlama agus Cúraim agus i scoileanna, tá Cigireacht an RO tiomanta an chruthaitheacht agus an smaointeoireacht chriticiúil a neadú sna comhthéacsanna oideachais go léir atá taobh istigh dá shainchúram.

— Tabharfar deiseanna d'fhoghlaimeoirí dul i dteagmháil lena gcruthaitheacht agus í a fhorbairt ar fud an churaclaim. Ba cheart go mbeadh deiseanna i réimsí crosghearrtha áirithe ansin, mar shampla faoin Ráiteas Polasaí um Oideachas *ETIM*[10].

— Ba chóir spreagadh a thabhairt d'úsáid nuálach na teicneolaíochta, ag dul leis an *Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027*[11].

— Fiosrófar deiseanna do chomhoibriú níos leithne agus ailíniú polasaí i dtaca le cruthaitheacht agus inbhuanaitheacht, mar shampla faoin *Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe in Éirinn go dtí 2030*[12], ag nótáil go bhfuil sé mar aidhm ag sprioc 4.7 de Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe na NA go gcinnteofar faoi 2030 go bhfaighidh na foghlaimeoirí go léir an t-eolas agus na scileanna is gá chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn.

— Aimseofar deiseanna breise chun a chinntiú go n-aithneofar an chruthaitheacht ar fud an oideachais mar ghné lárnach d'fhorbairt iomlánaíoch an duine aonair agus go mbeidh sé suite i gceartlár na foghlama sna scoileanna.





# Sprioc Straitéiseach 5

## Cur chun cinn agus cothú breise a dhéanamh ar fhorbairt scileanna cruthaitheacha sa Bhreisoideachas agus san Ardoideachas, printíseachtaí san áireamh.

— Aithnítear ar fud an domhain go bhfuil tras-scileanna bunriachtanach chun maireachtáil i saol an lae amárach. Maidir le scileanna a bhaineann leis an gcruthaitheacht, amhail smaointeoireacht chriticiúil, scríbhneoireacht chruthaitheach, smaointeoireacht deartha, fiosracht, diongbháilteacht, acmhainneacht, samhlaíocht, gníomhaireacht, agus comhoibriú, tá sé tábhachtach go ndéanfaí breis forbartha orthu thar réimse iomlán na gclár ardoideachais agus breisoideachais, cláir phrintíseachta agus oiliúna, agus in oideachas daoine fásta agus pobail.

— Fiosrófar deiseanna chun tacaíocht ar leith a thabhairt don oideachas sna tionscail chruthaitheachta, na healaíona agus teicneolaíochtaí, in ómós do thraidisiún agus gnóthachtálacha comhaimseartha na nÉireannach sna réimsí sin.

[9] https://www.teachingcouncil.ie/website/en/teacher-education/initial-teacher-education/
[10] https://www.gov.ie/en/policy-information/4d40d5-stem-education-policy/
[11] https://www.gov.ie/en/publication/69fb88-digital-strategy-for-schools/
[12] https://www.gov.ie/en/publication/02952d-national-strategy-on-education-for-sustainable-development-in-irelan/

# Sprioc Straitéiseach 6

## Tacú le folláine bhreisithe leanaí agus daoine óga.

— Faoin bPlean Óige Ildánach, ba chóir go mbeadh réasúnaíocht athnuaite agus bhreisithe a chuimsíonn cruthaitheacht, nuálaíocht agus smaointeoireacht chriticiúil de gach sórt mar thaca faoi na heispéireis chruthaitheachta go léir do leanaí agus daoine óga.

— Inniúlachtaí meabhracha, cruthaitheacha agus idirphearsanta an linbh nó an duine óig a fhorbairt chun iad a fheistiú chun tuiscint a fháil ar mhothúcháin, scileanna pearsanta fhorbairt, eolas a fhoghlaim agus tuiscint a fháil orthu féin agus ar dhaoine eile, ag cothú inniúlachta don chomhbhá. Ní mór do thionscnaimh Óige Ildánach cothú a dhéanamh ar an inniúlacht fáis trí thionscnaimh thacúla agus fhreagrúla a fhorbairt.

— Tacú leis an FSS agus an Roinn Sláinte (tríd an gCreat Éire Shláintiúil) ina dtiomantais chun ról na n-ealaíon agus na cruthaitheachta a neartú i gcur chun cinn na meabhairshláinte agus na folláine, lena n-áirítear na cinn faoi *Phlean an FSS um Chur Chun Cinn na Meabhairshláinte 2022–2027*[13] agus Plean Gníomhaíochta Straitéiseach *Éire Shláintiúil 2021–2025*[14].

— Ba chóir spreagadh a thabhairt don rannpháirtíocht sa chruthaitheacht mar gheall ar an iomad tionchar dearfach a bhíonn aige ar shláinte agus folláine, agus gan aon bhrú breise a chur ar leanaí agus daoine óga.

— Ní mór do na gníomhartha sa Phlean Óige Ildánach a bheith ag comhlanú na n-aidhmeanna a bhí ina gcomharba, an *Creat do Thorthaí Níos Fearr Todhchaí Níos Gile: An Polasaí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2014–2020,* ionas go mbeidh cearta leanaí agus daoine óga, a bhfolláine san áireamh, ag fáil tacaíocht sa phobal agus i suíomhanna eile.

— Ba cheart go mbeadh Plean Óige Ildánach ag ailíniú le *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais an RO* (2019)[15]. Déanann an polasaí cur síos ar an mbealach is fearr do scoileanna an fholláine a chur chun cinn trí chur chuige scoile uile, il-pháirteach agus coiscteach, ina mbeidh idirghabhálacha ag leibhéil uilíocha agus sprioctha araon.

[13] Stronger Together: The HSE Mental Health Promotion Plan 2022–2027
[14] https://www.gov.ie/en/publication/441c8-healthy-ireland-strategic-action-plan-2021-2025/
[15] https://www.gov.ie/en/campaigns/851a8e-wellbeing-in-education/



Plean Óige Ildánach 2023–2027

# Sprioc Straitéiseach 7

## Clár taighde a bhunú.

— Tús a chur le clár leanúnach taighde chun sonraí, fianaise agus léargas a ghiniúint; sa taighde seo ba chóir go n-aireofaí athbhreithnithe córasacha ar staidéir reatha idirnáisiúnta agus náisiúnta mar aon le fiosrúchán nua faoi na deiseanna agus na rannpháirtíochtaí atá curtha ar fáil taobh istigh d'Óige Ildánach.

— Le treoir ó thaighde den chineál sin, creat, critéir agus treoirlínte a bhunú chun meastóireacht a dhéanamh ar thionscnaimh Óige Ildánach go léir chun monatóireacht agus forbairt leanúnach a chur ar fáil, chomh maith le meastóireacht shuimitheach.

— Clár córasach forbartha acmhainní a fhorbairt i measc taighdeoirí i réimse na cruthaitheachta, acmhainní reatha a fheabhsú agus a leathnú, an Stór Taighde ACERR mar shampla, agus tacú le cultúr rannpháirtíochta sa agus le taighde i measc cleachtóirí cruthaitheachta, ar fud an chultúir chruthaitheachta agus sna hearnálacha ealaíon.

— Macraimheastóireacht chórasach ar Óige Ildánach a choimisiúnú ar feadh na chéad chéime eile, lena n-áirítear tús a chur le staidéar fada 10/20 bliain.

**Plean uaillmhianach is ea Plean Óige Ildánach:**

## A chuirfidh leis an obair atáthar a dhéanamh thar réimsí éagsúla rialtais, agus cuideoidh sé chun comhghníomhartha a éascú chun sochair leanaí agus daoine óga.





# Gníomhartha: Sprioc Straitéiseach 1

| Deiseanna cruthaitheachta a éascú agus a chur ar fáil chun sochair leanaí agus daoine óga. | Roinn/Gníomh |
|---|---|
| Leanfar den cheiliúradh bliantúil ar an rochtain atá ag na leanaí agus na daoine óga go léir ar an gcruthaitheacht trí *Chruinniú na nÓg,* an lá náisiúnta de chruthaitheacht saor in aisce do leanaí agus daoine óga. | RTCEGSM |
| Leanfar den chur chun cinn ar shúgradh ildánach taobh amuigh tríd an *Lá Náisiúnta Súgartha* agus *an tSeachtain Náisiúnta Caitheamh Aimsire.* | RLCMLÓ |
| Soláthar gníomhaíochtaí ildánacha a leathnú amach, agus an fócas ar dheiseanna agus cineálacha nua cruthaitheachta. Éascófar é sin trí phróiseas oscailte, iomaíoch, ag cur san áireamh an t-aiseolas ó leanaí agus daoine óga. | RTCEGSM |
| Mar thacaíocht do thionscnamh Oileán Comhroinnte an rialtais, fiosrófar na deiseanna ar fad chun na cláir Óige Ildánach reatha a leathadh go straitéiseach isteach i dTuaisceart Éireann. Fiosrú a dhéanamh faoi na deiseanna atá ann chun tionscnamh ceannais nua trasphobail a fhorbairt ar bhonn oileáin chomhroinnte. | RTCEGSM, RO |
| Leanfaidh an seachadadh de *Scoileanna Ildánacha* de bheith ag tabhairt deiseanna do leanaí agus daoine óga a bheith ag fáil taithí ar an gcruthaitheacht mar chuid lárnach dá n-oideachas. | CE, RO |
| Tabharfaidh Seachtain na Scoileanna Ildánacha deis bhliantúil do na scoileanna go léir ceiliúradh a dhéanamh ar an gcruthaitheacht i bpobal a scoile. | CE |

| Deiseanna cruthaitheachta a éascú agus a chur ar fáil chun sochair leanaí agus daoine óga. | Roinn/Gníomh. |
|---|---|
| Leanfaidh an seachadadh de *Scoileanna Ildánacha* de bheith ag tabhairt deis do leanaí agus daoine óga a bheith ag fáil taithí ar an gcruthaitheacht agus comhoibriú cruthaitheach a éascú idir na scoileanna. | RO |
| Leanfaidh an *Clár Rannpháirtíocht sa Chruthaitheach* le CNPPT de bheith ag éascú deiseanna breise do scoileanna iarbhunscoile chun bheith páirteach sa chruthaitheacht. | RTCEGSM, RO |
| Tacófar leis na healaíona in ionaid oideachais chónaithe trasna na scoileanna, rud a thabharfaidh deis do na daltaí a bheith ag obair le healaíontóir gairmiúil ar thionscadail ildánacha trí BLAST. | RO |
| Leanúint de bheith ag leathnú Comhpháirtíochtaí Áitiúla Óige Ildánach (CÁÓI) chun deiseanna cruthaitheacha a chruthú i dtimpeallachtaí neamhfhoirmiúla agus pobail go náisiúnta ar bhealach comhordaithe agus inmharthanach. | RO, RTCEGSM, RLCMLÓ, CE |
| Cuirfear tacaíocht ar fáil chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag leanaí agus daoine óga ar an scríbhneoireacht chruthaitheach. | RTCEGSM |
| Mapáil agus forbhreathnú soiléir ar dheiseanna cruthaitheacha san oideachas a chur ar fáil a léireoidh na tionscnaimh Óige Ildánach atá ar fáil do na scoileanna go léir. Mar chuid de sin, beifear ag leanúint de bheith ag tacú agus ag déanamh ionchuir i dTairseach na nEalaíon san Oideachas faoina straitéis nua agus feidhmiú céimneach ar sheisiúin eolais Óige Ildánach. | RTCEGSM, RO, RLCMLÓ, RBATNE, CE |
| Cuirfear oiliúint ar fáil agus beidh sé ar fáil ar fud na gclár go léir faoi chomhthuiscint ar an gcruthaitheacht, luach na cruthaitheachta agus éascú cruthaitheach. | RTCEGSM, RO, RLCMLÓ, RBATNE, CE |
| Oiliúint ar an gCreat Rannpháirtíochta a chur san áireamh i gcláir Éire Ildánach go léir. | RLCMLÓ |



Plean Óige Ildánach 2023–2027

| | Roinn/Gníomh. |
|---|---|
| Beidh cúram leanaí in aois scoile páirteach sa taighde gníomhaíochta agus comhairliúchán ar na Dréachtphrionsabail d'Éascú na nEalaíon i gCur Chun Cinn na Súgartha agus na Cruthaitheachta sa Luathfhoghlaim agus Cúram, chun an ábharthacht do chúram leanaí in aois scoile a fhiosrú agus tacaíochtaí cuí a fhorbairt. | RLCMLÓ, RTCEGSM, CE |
| Is féidir acmhainní cruthaitheacha ar líne a aithint agus a chur leis an ardán eolais, Tacú le Leanaí agus Tuismitheoirí, chun tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí leis an gcruthaitheacht a spreagadh sa bhaile. | RLCMLÓ |
| Leanúint den teagmháil agus de bheith ag cur maoiniú ar fáil ag na leibhéil reatha d'amharclanna, ceol agus ealaíona eile atá bainteach le heagraíochtaí óige faoi na scéimeanna ábhartha reatha atá ag tacú le heagraíochtaí óige, clubanna agus rannpháirtíocht daoine óga. | RLCMLÓ, RTCEGSM |
| Maidir le soláthar breise do na healaíona atá bainteach le gníomhaíochtaí a fheabhsaíonn cláir a bhíonn á n-eagrú ag eagraíochtaí óige, measfar iad i bhfianaise torthaí ábhartha taighde agus meastóireachta a mbeidh fáil orthu trí chlár taighde Clár Éire Ildánach. | RLCMLÓ |
| Deiseanna do Chláir Óige Ildánach a fhiosrú chun scaipeadh amach níos faide ná na healaíona chuig gach cineál cruthaitheachta, lena n-áirítear ETIM, teicneolaíocht chruthaitheach agus smaointeoireacht deartha. | RTCEGSM, RO, RLCMLÓ, RBATNE, CE |
| Fiosrú a dhéanamh faoi dheiseanna do Chláir Óige Ildánach chun cur leis an aidhm go gcinnteofar go bhfaighidh foghlaimeoirí na scileanna eolais, luachanna agus meonta is gá chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn agus a fhorbairt. | RO, RTCEGSM |
| Tacú le bealaí cruthaitheacha chun leanaí agus daoine óga a chur i ngleic le Gníomhú don Aeráid agus Inbhuanaitheacht. | RTCEGSM |

# Gníomhartha: Sprioc Straitéiseach 2

| Cothromas rochtana ar ghníomhaíochtaí cruthaitheachta a neartú do leanaí agus daoine óga nach gcloistear ach go hannamh. | Roinn/Gníomh. |
|---|---|
| Leanfaidh CÁÓI d'úsáid gréasán agus infreastruchtúr áitiúil chun an soláthar de dheiseanna cruthaitheacha a dhíriú ar leanaí agus daoine óga nach dtugtar cluas éisteachta dóibh ach go hannamh i dtimpeallachtaí neamhfhoirmiúla agus pobail. | RO, RTCEGSM, RLCMLÓ, CE |
| Aimseofar agus ainmneofar spriocghrúpaí tosaíochta do 2023–27, bunaithe ar na sonraí atá ar fáil agus déanfar monatóireacht ar an tionchar a bheidh ar na grúpaí sin. | RTCEGSM, RO, RLCMLÓ, RBATNE, CE |
| Le cabhair ó na sonraí a bheidh ar fáil, ba cheart do chomhpháirtíochtaí straitéiseacha do rannpháirtíocht chruthaitheach faoi Óige Ildánach corprú a dhéanamh ar sholáthar sprioctha chuig leanaí agus daoine óga nach dtugtar cluas éisteachta dóibh ach go hannamh. | RTCEGSM, RO, RLCMLÓ, RBATNE, CE |
| Le cabhair ó na sonraí a bheidh ar fáil, cuirfidh soláthar de chláir ionscoile faoin bplean rochtain spriocthа ar fáil do leanaí agus daoine óga nach dtugtar cluas éiteachta dóibh ach go hannamh, mar shampla tabharfar tosaíocht do scoileanna DEIS agus scoileanna speisialta. | RO, RTCEGSM, CE |
| Forbrófar creat monatóireachta cothromais d'Óige Ildánach a chinnteoidh go dtuairisceoidh gach clár ar an mbealach a bhfuil an cothromas á chumasú. | RTCEGSM, RO, RLCMLÓ, RBATNE, CE |
| Rachaidh na Scoileanna Ildánacha i dteagmháil le scoileanna spriocthа i dtimpeallachtaí neamh-phríomhshrutha le cur chuige saincheaptha de chláir. | CE, RO |



Comhpháirtíocht Idirnáisiúnta idir an Múinteoir agus an Ealaíontóir
— Grianghraf le Brian Cregan

# Gníomhartha: Sprioc Straitéiseach 3

| Tacú leis an bhfeidhmiú ar Aistear, Creatchuraclam na Luath-óige. | Roinn/Gníomh. |
|---|---|
| Déanfar measúnú ar na Dréachtphrionsabail d'Éascú na nEalaíon i gCur Chun Cinn na Súgartha agus na Cruthaitheachta sa Luathfhoghlaim agus Cúram trí chomhairliúchán agus taighde gníomhaíochta, d'fhonn na Prionsabail a chríochnú agus a fhoilsiú in 2023. | RLCMLÓ, RTCEGSM, CE |
| Ag tógáil ar na bunchlocha a chuir na prionsabail ar fáil, oibriú le hOideoirí Luathbhlianta agus Cleachtóirí Cúraim Leanaí in Aois Scoile agus le healaíontóirí agus cleachtóirí cruthaitheacha eile a dhéanann speisialú sa luathfhoghlaim agus cúram, chun clár substaintiúil FGL agus acmhainní gaolmhara a fhorbairt, a bhféadfadh FGL ar líne a bheith ina chuid de. Cuirfidh FGL le héascú na cruthaitheachta sa luathfhoghlaim agus cúram, agus tacóidh sé leis an straitéis níos leithne *Céad 5*[15]. Áirithe leis sin beidh fócas ar fhoghlaim bunaithe ar chleachtadh ina mbeidh comhoibriú idir leanaí, cleachtóirí cruthaitheachta agus oideoirí. | RLCMLÓ, RTCEGSM, RO, CE |
| Tríd an bpróiseas nuashonraithe ar an gcreatchuraclam Aistear, agus ag tógáil ar na Prionsabail, déanfar machnamh ar an scóip atá ann chun feabhas breise a chur ar an gcruthaitheacht taobh istigh d'Aistear. | RLCMLÓ, RO, RTCEGSM |
| Forbrófar tacaíochtaí cruthaitheachta taobh istigh de na seirbhísí tacaíochta LFC agus LAS. | RLCMLÓ |
| Tabharfar tacaíocht do dheiseanna forbartha gairmiúla d'oideoirí luathbhlianta agus cleachtóirí cúram leanaí in aois scoile, lena n-áirítear oiliúint chun tacú le feidhmiú an Chreata Rannpháirtíochta, chun a chinntiú go mbeidh rannpháirtíocht iomlán ag na leanaí go léir sna healaíona agus sa chruthaitheacht. | RLCMLÓ, RO, CE |

[16] https://first5.gov.ie/userfiles/pdf/5223_4966_DCYA_EarlyYears_INTERACTIVE_Booklet_280x215_v1.pdf#view=fit



Plean Óige Ildánach 2023-2027

# Gníomhartha: Sprioc Straitéiseach 4

| Luach na cruthaitheachta a chur chun cinn ar fud an chórais Oideachais agus tacú leis na Creatchuraclaim sna scoileanna. | Roinn/Gníomh. |
|---|---|
| Forbróidh an Chigireacht a próisis iniúchta agus acmhainní chun an chruthaitheacht a chur san áireamh agus a chur chun cinn agus feabhas a chur ar an mbealach a ndéantar measúnú, a dtugtar aitheantas agus a dtuairiscítear ar an gcruthaitheacht agus ar an gcleachtas nuálach sa scoil. | RO |
| Cinnteoidh an Chigireacht go bhfuil cáilíocht na gcreat do scoileanna ag dul leis an rud a bhfuiltear ag súil leis agus soláthar a dhéanamh do chur chun cinn na cruthaitheachta sa teagasc agus foghlaim. | RO |
| Déanfaidh an Chigireacht meastóireacht théamach ar sholáthar don chruthaitheacht ina gcomhoibreoidh sí le ceannairí, cleachtóirí/múinteoirí agus le foghlaimeoirí chun aithint agus tuairisciú a dhéanamh ar shamplaí de chleachtas dearfach ar thángthas orthu i suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim, agus ar fud na scoileanna. | RO |
| Leanfaidh an tacaíocht chun seachadadh, leathnú agus feabhsúchán a dhéanamh ar CCME (an Clár Comhpháirtíochta Múinteoirí agus Ealaíontóirí & an Clár Cónaitheachta). | RO, RTCEGSM |
| Tacú le scoileanna i bhforfheidhmiú an Churaclaim Bunscoile, an inniúlacht 'a bheith cruthaitheach' san áireamh. | RO |
| Leanúint de bheith ag tacú, ag feabhsú agus ag leathnú na nEalaíon sa tSraith Shóisearach atá á chur ar fáil ag SSM. | RO, RTCEGSM |

| Luach na cruthaitheachta a chur chun cinn ar fud an chórais Oideachais agus tacú leis na Creatchuraclaim sna scoileanna. | Roinn/Gníomh. |
|---|---|
| Oibreoidh an RO go dlúth leis an CNCM chun a chinntiú go leanfaidh an chruthaitheacht dá ról lárnach i gcuraclam nua na Sraithe Sinsearaí. | RO |
| Rannpháirtíocht leanúnach leis an CNCM i dtaca le hobair ar fhorbairt curaclaim, lena n-áirítear réimse na n-eochairscileanna, ar nós a bheith cruthaitheach. | CE |
| Bealaí a fhiosrú chun a chinntiú go nglactar leis an gcruthaitheacht mar eochairscil i dtaca le topaicí sna scoileanna, amhail fiontraíocht agus fiontar. Déanfar é sin a éascú agus a fheabhsú freisin trí fhorbairt ar Litearthacht Fhisiciúil a chuireann cur chuige iomlánaíoch fad saoil chun cinn a chuireann ar chumas na ndaltaí an cholainn a úsáid mar uirlis léirithe agus chruthaitheachta. | RO |
| Leanfaidh an SFGM ag tacú le scoileanna trí FGL a chur ar fáil dóibh a úsáideann oideolaíochtaí spraíúla chun tacú le feidhmiú an CTB (Curaclam Teanga na Bunscoile). | RO |
| Lean d'úsáid modheolaíochtaí foghlama gníomhacha mar chloch cúinne den FGL ionscoile le haghaidh OSPS agus Corpoideachas (eiseamláiriú ceachtanna) i ngach gné den OSPS. Dearbhaíonn na modheolaíochtaí seo luach na cruthaitheachta agus áirithe iontu tá drámaíocht, súgradh, scéalta, comhshaothar agus comhoibriú, ceol, amharcealaíona, comhrá agus plé. | RO |



Plean Óige Ildánach 2023–2027

| | Roinn/Gníomh. |
|---|---|
| Aithneofar agus forbrófar naisc idir Straitéis Dhigiteach do Scoileanna an RO agus Plean Óige Ildánach. | RO |
| Próisis deartha scoileanna: Tá ionchas ag an bpróiseas deartha a bhaineann le tógáil infreastruchtúr scoile mar dheis chun cruthaitheacht an dalta, an mhúinteora agus ceannairí scoile chun smaoineamh faoin mbealach le spásanna agus troscán inmheánach agus seachtrach a dhearadh. I gcomhar le Foras Ailtireachta na hÉireann, eagraigh comhdháil faoin bpróiseas pleanála scoile agus faoi scoileanna mar spásanna cruthaitheacha foghlama. | RO, RTCEGSM, CE |
| Leanfar don tacaíocht do FGL do ETIM, ag úsáid na cruthaitheachta agus ag cruthú nasc le ETIM ar fud an churaclaim. | RO |
| Leanúint den tacaíocht do chónaitheachtaí ealaíontóirí in Oiliúint Tosaigh Múinteoirí, lena n-airítear na cinn atá leathnaithe amach chuig institiúidí atá ag tairiscint cáilíochta Leibhéal 7 nó 8 sa Luathfhoghlaim agus Cúram. | CE |
| Leanúint de thacú le Music Generation chun leanaí agus daoine óga a chumasú teacht in inmhe ó thaobh cumas cruthaitheachta de trí fháil a bheith acu ar oideachas ardchaighdeáin i ndáil le casadh ceoil, agus trí bheith in ann páirt a ghlacadh san oideachas sin. | RO |



Bord Oideachais agus Oiliúna Ros Comáin agus na Gaillimhe

# Gníomhartha: Sprioc Straitéiseach 5

| Cur chun cinn agus cothú breise a dhéanamh ar fhorbairt scileanna cruthaitheacha sa Bhreisoideachas agus san Ardoideachas, printíseachtaí san áireamh. | Roinn/Gníomh. |
| --- | --- |
| Tacú leis an réimse de dheiseanna oideachais agus oiliúna chun a chinntiú go mbeidh cosáin oiriúnacha á gcur ar fáil do dhaoine óga chuig an bhfostaíocht sna tionscail chruthaitheacha. | RBATNE |
| Feasacht a ardú do dhaoine óga faoin gceangal atá idir leasa cruthaitheacha agus deiseanna gairme chun leathnú a dhéanamh ar dhearctha faoin réimse leathan roghanna gairme atá ann, ó ghairmthreoir lar-bhunscoile go dtí Breisoideachas agus Ardoideachas agus comhoibriú le comhlachtaí gairmiúla. Ba cheart go mbeadh sé sin ag díriú freisin ar leanaí agus daoine óga i dtimpeallachtaí neamhfhoirmiúla oideachais. | RTCEGSM, RBATNE, RO, CE |
| Fiosrú faoi chuir chuige ionchasacha nua chun tacú le daoine óga ó chúlraí ilchineálacha le scileanna teicniúla agus cruthaitheacha a chleachtadh agus a fhorbairt a bheidh in ann cur ar a gcumas barr feabhais a bhaint amach sna tionscail ealaíon agus cruthaitheacha. | CE, RBATNE, RTCEGSM |
| Aidhmeanna, prionsabail agus gnéithe de champas ildánach a aithint i gcomhar le hinstitiúidí breisoideachais agus ardoideachais, na hearnálacha ildánacha agus pobail. | RBATNE, RTCEGSM |

# Gníomhartha: Sprioc Straitéiseach 6

| Tacú le folláine bhreisithe na leanaí agus na ndaoine óga. | Roinn/Gníomh. |
|---|---|
| Cinntiú go bhfuil an ceangal idir an chruthaitheacht agus an fholláine á léiriú go beacht sa FGL a chuirtear ar fáil do na scoileanna agus sna scoileanna. | RO |
| Na gníomhartha ábhartha atá sa *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais* a chur i bhfeidhm. | RO |
| Tacú le feidhmiú céimneach ar FGL chuig na scoileanna i dtaca le húsáid an phróisis Féinmheastóireachta Scoileanna (SSE) chun tús a chur le timthriall athbhreithnithe agus forbartha folláine a chur chun cinn. | RO |
| Tacú leis an tiomantas faoi *Phlean an FSS um Chur Chun Cinn na Meabhairshláinte 2022–2027* chun treisiú a dhéanamh ar an ról atá ag na healaíona agus ag an gcruthaitheacht i gcur chun cinn na meabhairshláinte agus na folláine taobh istigh den FSS agus de ghníomhaireachtaí atá á maoiniú ag an FSS. | RTCEGSM |
| Ailíniú le hobair na Sláinte agus Folláine Cruthaithí, lena n-áirítear comhoibriú le *hÉire Shláintiúil,* chun tacú le clárú cruthaitheach do thorthaí náisiúnta sláinte agus folláine do leanaí agus daoine óga. | RTCEGSM |
| Ní mór an tionchar ar fholláine na leanaí agus daoine óga a chorprú sna meastóireachtaí a dhéantar ar Chláir Óige Ildánach. | RTCEGSM, RO, RLCMLÓ, RBATNE, CE |



Plean Óige Ildánach 2023–2027

# Gníomhartha: Sprioc Straitéiseach 7

| Clár taighde a bhunú. | Roinn/Gníomh. |
|---|---|
| Measúnú/taighde a leabú mar is cuí i dtionscnaimh Óige Ildánach ón tús, lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh orthu maidir le cothromas, éagsúlacht agus ionchuimsiú. | RTCEGSM, RO, RLCMLÓ, RBATNE, CE |





# Aguisíní
# Aguisín 1 — Sainmhínithe

## Tábla 1:Acrainmneacha

| Acrainm | Sainmhíniú |
|---|---|
| ACERR Eirinn | Stór Taighde na nEalaíon agus an Chultúr san Oideachas d'Éirinn |
| MFG | Modheolaíochtaí Foghlama Gníomhacha |
| PGO | Plean Gníomhaíochta don Oideachas |
| Ealaíona sa tSS FGL | Ealaíona sa tSraith Shóisearach FGL |
| CE | An Chomhairle Ealaíon |
| NSU | Neamhord Speictrim Uathaigh |
| ABCM | An tAonad um Beartas Curaclaim agus Measúnachta |
| CÉI | Clár Éire Ildánach |
| FGL | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| CRWL | Centre for Real World Learning (Ollscoil Winchester) |
| ÓI | Óige Ildánach |
| RLCMLÓ | An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta, agus Óige |
| DEIS | Comhionannas Deiseanna a chur ar fáil sna Scoileanna |
| RBATNE | An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta |
| RO | An Roinn Oideachais |
| RTCEGSM | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán |
| LFC | Luathfhoghlaim agus Cúram |
| OFI | Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe |
| ITES | An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta |
| BOO | An Bord Oideachais agus Oiliúna |

## Tábla 1:Acrainmneacha

| Acrainm | Sainmhíniú |
|---|---|
| BO | Breisoideachas agus Oiliúint |
| FSS | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| OTM | Oiliúint Tosaigh Múinteoirí |
| SSM | An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí |
| CÁÓI | Comhpháirtíochtaí Áitiúla Óige Ildánach |
| CNPPT | Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha |
| CNCM | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta |
| CNOS | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta |
| SNSO | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais |
| SFGM | An tSeirbhís Forbartha Gairmiúil do Mhúinteoirí |
| PE | Corpoideachas |
| CR | Clár Rialtais |
| CTB | Curaclam Teangacha na Bunscoile |
| LAS | Leanaí in Aois Scoile |
| RSO | Riachtanais Speisialta Oideachais |
| CRS | Cúntóir Riachtanas Speisialta |
| OSPS | Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte |
| ETIM | Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic |
| CCME | An Clár Comhpháirtíochta Múinteoirí- Ealaíontóirí agus an Clár Cónaitheachta |
| CNACL | Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh |
| AMLA | Aontas na Mac Léinn Ardoideachais |
| AÓÉ | Amharclann Óige Éireann |





## Tábla 2: Gluais

| Téarma | Sainmhíniú |
|---|---|
| Aistear | Creatchuraclam na luath-óige do na leanaí go léir ó am breithe go dtí 6 bliana in Éirinn |
| AONTAS | An Eagraíocht Náisiúnta um Fhoghlaim Aosach |
| BLAST | Na hEalaíona Beo a Thabhairt do Scoláirí agus do Mhúinteoirí |
| Plean Óige Ildánach | *Plean Óige Ildánach 2023–2027* reatha |
| Plean Óige Ildánach 2017–2022 | Plean Óige Ildánach roimhe seo a foilsíodh in 2017 |
| Leanaí agus Daoine Óga | Na leanaí agus daoine óga go léir atá ina gcónaí in Éirinn ó am a mbreithe go mbeidh siad 24 bliain d'aois |
| Cruthaitheacht | Na hEalaíona: De réir an Achta Ealaíon (2003) sainítear 'na hEalaíona' mar aon léiriú cruthaitheach nó léirmhíniúcháin (bíodh sé traidisiúnta nó comhaimseartha) d'aon chineál ar a n-áirítear, ach go háirithe, físealaíona, amharclann, litríocht, ceol, damhsa, ceoldrámaíocht, scannánaíocht agus ailtireacht, agus, áirithe ann tá aon mheán nuair a úsáidtear é chun na críocha sin.<br><br>Cultúr: Áirithe le cultúr tá Forais Náisiúnta Cultúir, féilte, oidhreacht chultúir, leabharlanna, ionaid agus músaeim.<br><br>Tionscail chruthaitheachta: de réir rangú an Aontais Eorpaigh (AE) ar na tionscail chruthaitheachta, áiríonn siad sin fógraíocht, dearadh, bogearraí, anamúlacht agus cluichí, ailtireacht, an earnáil chlosamhairc, foilsitheoireacht agus preas, ceol, faisean, agus an earnáil ealaíon i gcoitinne. |

## Tábla 2: Gluais

| Téarma | Sainmhíniú |
|---|---|
| Scoileanna DEIS | Tá seachadadh Comhionannais deiseanna sna Scoileanna ar an bpríomhthionscnamh polasaí chun déileáil le míbhuntáiste oideachais ag leibhéal na scoile. Sa Phlean DEIS 2017, tá dhá ghníomh shonracha i dtaca le tacaíocht do na hEalaíona san Oideachas.<br><br>Sa scoilbhliain 2022/23, beidh 1,194 scoil sa Chlár DEIS ag freastal ar bhreis agus 240,000 dalta. Tugann an clár DEIS tacaíochtaí breise do scoileanna ina bhfuil líon ard daltaí ó chúlra atá faoi mhíbhuntáiste ó thaobh na socheacnamaíochta de. |
| Leanaí agus Daoine Óga Nach dTugtar Cluas Éisteachta Dóibh ach go hAnnamh | Téarma a úsáidtear chun cur síos ar leanaí agus daoine óga a bhfuil níos lú deiseanna acu agus níos mó constaicí ina saol. D'fhéadfadh leanaí agus daoine óga a bheith i gceist atá i gcásanna mar seo a leanas:<br>— Leanaí i gcúram;<br>— Páirteach sa chóras um cheartas i leith an aosa óig / daoine sa phríosún agus iarchiontóirí;<br>— Faoi thionchar foréigin teaghlaigh;<br>— Ó chúlra mionlaigh eitneach;<br>— Gan dídean nó i mbaol a dteach a chailleadh / maireachtáil i gcóiríocht shealadach / mhí-oiriúnach;<br>— San ospidéal (iad sin a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu san áireamh);<br>— Leispiach, Aerach, Déghnéasach, Trasinscneach, idirghnéasach + (LADTI+);<br>— Maireachtáil i mbochtaineacht;<br>— Maireachtáil in iargúltacht tuaithe;<br>— Maireachtáil le cúinsí meabhairshláinte;<br>— Maireachtáil le handúil tuiste;<br>— Maireachtáil i ngaolmhaireacht theannasach teaghlaigh;<br>— Gan bheith ar scoil;<br>— Maireachtáil le míchumais fhisiciúla agus intleachta;<br>— Riachtanais speisialta oideachais a bheith acu;<br>— Dídeanaithe agus lucht iarrtha tearmainn;<br>— Lucht Siúil agus Romaigh;<br>— Dífhostaithe;<br>— Cúramóirí óga;<br>— Daoine óga i bhfeighil teaghlaigh aontuismitheora/cúramóra;<br>— Iarratais ar chosaint idirnáisiúnta;<br>— Fostaithe ar phá íseal;<br>— Dífhostaithe go fadtéarmach; agus<br>— Daoine i mbaol aonraithe sóisialta. |



Plean Óige Ildánach 2023–2027

## Tábla 2: Gluais

| Téarma | Sainmhíniú |
|---|---|
| Síolta | An Creat Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas Luath-Óige |
| Scoileanna | I gcás tagairtí do scoileanna sa cháipéis seo, ní mór glacadh leis go bhfuil bunscoileanna, iarbhunscoileanna, scoileanna DEIS agus scoileanna speisialta san áireamh, mura sonraítear a mhalairt. |
| Scoileanna Speisialta | Tá breis agus 140 scoil speisialta in Éirinn. Cuireann scoileanna speisialta tacaíocht ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais oideachasúla níos suntasaí nó speisialta acu, agus a bhfuil gá acu le tacaíocht ó shuíomhanna oideachais atá níos speisialaithe. Bíonn rochtain ag daltaí i scoileanna speisialta ar churaclam difreáilte agus faigheann siad eispéiris foghlama atá leathan, cothrom agus fiúntach dá riachtanais aonair féin. |
| Cohóirt ionadaíocha de scoileanna | I gcomhthéacs Phlean Óige Ildánach, san áireamh le cohórt ionadaíoch de scoileanna bheadh bunscoileanna agus scoileanna iarbhunoideachais, scoileanna speisialta, scoileanna DEIS, scoileanna aonghnéis agus measctha, scoileanna uirbeacha agus tuaithe, Gaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta. |

# Aguisín 2

## Grúpa Comhairleach Saineolaithe Óige Ildánach

Cheap an tAire Cultúir, Oidhreachta agus na Gaeltachta a bhí ann ag an am agus an tAire Oideachais agus Scileanna agus an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige i gcomhar an Grúpa Comhairleach Saineolaithe (GCS) in 2018. Bunaíodh an Grúpa Comhairleach Saineolaithe chun comhairle a thabhairt ar fhorbairt agus ar fheidhmiú cholún Éire Ildánach laistigh den Chlár Éire Ildánach. Choimisiúnaigh an Grúpa Comhairleach Saineolaithe, a bhfuil taithí ag baill an ghrúpa sin ag obair le leanaí agus le daoine óga, i gcúrsaí oideachais, sna tionscail ealaíon agus chruthaitheacha agus i réimsí gaolmhara, athbhreithniú córasach ar thorthaí agus ar threochtaí Phlean Óige Ildánach 2017–2022. Foilsíodh an tuarascáil eatramhach ar an athbhreithniú sin i mBealtaine 2022. Bhí ról gníomhach ag an nGrúpa Comhairleach Saineolaithe (GCS) i gcur le chéile an chéad Phlean Óige Ildánach eile, agus cuirtear béim go háirithe ar an ngá atá ann go mbeadh guth leanaí agus daoine óga á gcur chun cinn ó thaobh na cinnteoireachta; an gá atá ann a chinntiú go mbeidh an chruthaitheacht, i suíomhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus sa phobal araon, dírithe, ní amháin ar na healaíona ach go sínfear sin chuig gach réimse de shaol na ndaoine óga; agus an gá atá ann go mbeadh clár taighde leanúnach agus ardleibhéal ann chun go mbeadh tuiscint níos fearr ar ghnéithe casta na cruthaitheachta agus go dtabharfar aghaidh orthu sin.

Le linn na tréimhse 2018-2022, is iad seo a leanas comhaltaí den Ghrúpa Comhairleach Saineolaithe sin:

**Anne O'Donnell** Sainchomhairleoir maidir le hoiliúint, éascú agus cearta leanaí agus daoine óga: Comhalta 2018–2022, Cathaoirleach 2021–2022

**Aideen Howard** The Ark: Comhalta 2018–2022

**Prof. Anne Looney** DCU: Comhalta 2018–2022

**Prof. Carmel O'Sullivan** TCD: Comhalta 2018–2022

**Dan Colley** Éascaitheoir le hamharclann na ndaoine óga: Comhalta 2018–2022

**Gary Ó Donnchadha** Cigireacht RO: Comhalta 2018–2022

**Prof. Gary Granville** Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha: Comhalta 2018–2022

**Nigel Flegg** An Ceoláras Náisiúnta: Comhalta 2018–2022

**Nora Twomey** Cartoon Saloon: Comhalta 2018–2022

Iar-Chomhaltaí:

**An tOllamh Ciarán Benson** BA, MA (Sussex), PhD (NUI), FPsSI: Cathaoirleach 2018–2021

**Martin Drury** Cleachtóir Ealaíon: Comhalta 2018–2021



Helium Arts — Grianghraf le Marcin Lewandowski

# Aguisín 3

## An Méid Atá Bainte Amach Againn
## Plean Óige Ildánach 2017–2022

| **Plean Óige Ildánach 2017 Gníomhartha Bunaidh** | **Mar Atá Anois** |
|---|---|
| **Straitéis 1:** Tacú leis an gcomhoibriú idir cuir chuige Fhoirmiúla agus Neamhfhoirmiúla don Chruthaitheacht san Oideachas | — Tá Scoileanna Ildánacha, Braislí Cruthaitheachta, FGL & tionscnaimh eile á bhforbairt go céimneach chun an chruthaitheacht & a buntáistí a fhorbairt, a aithint & a cheiliúradh<br>— Comhpháirtíochtaí Áitiúla Óige Ildánach bunaithe ar bhonn píolótach<br>— Tionscnamh Teicneolaíochta Cruthaitheachta — aistriú chun tacú leis na Boird Oideachais agus Oiliúna, críochnú scoile, srl. |
| **Straitéis 2:** Réimse na nGníomhaíochtaí Cruthaitheacha a leathnú dár nDaoine Óga | — Tacú le AÓÉ, Sing Ireland agus Fighting Words<br>— 6 CÁÓI bunaithe<br>— Cruinniú na nÓg neadaithe |
| **Straitéis 3:** Neadú an Phróisis Chruthaithigh | — Scoileanna — Scoileanna Ildánacha agus Braislí Cruthaitheachta ag leanúint ar aghaidh; ag obair le cigireacht an RO chun polasaí nua a fhorbairt don chruthaitheacht mar chuid den chigireacht ar scoileanna<br>— Pobal — CÁÓI píolótaithe & tacaíocht tugtha do thionscnaimh amharclannaíochta, amhránaíochta & scríbhneoireachta |
| **Straitéis 4:** Leanúint den Fhorbairt Ghairmiúil (FGL) | — Maoiniú á chur ar fáil do FGL na scoileanna ar leibhéal Bunscoile agus Iar-Bhunscoile<br>— Luathbhlianta — obair fós ar bun chun prionsabail & samhail a fhorbairt' |






| | |
|---|---|
| 1. An tionscnamh Scoileanna Ildánacha le cur i bhfeidhm. | — Ag dul isteach sa 5ú babhta — suim shuntasach i measc scoileanna; an scóip á méadú<br>— Tiomantas don phríomhshruth in CR 2020<br>— Measúnú críochnaithe |
| 2. Leathnófar Music Generation chun clúdach náisiúnta a chur ar fáil taobh istigh de shaolré an CÉI. | — Céim 3 tosaithe;<br>— Ag teannadh le clúdach náisiúnta<br>— Meastóireacht tosaithe |
| 3. Déanfar píolótú agus feidhmeofar Scéim Braislí Cruthaitheachta. | — Dul isteach sa 5ú babhta. Méadú suntasach ar iarratais in 2021<br>— Tiomantas do mhaoiniú breise in CR 2020<br>— Taighde & Meastóireacht críochnaithe i Nollaig 2021 |
| 4. Forbrófar Tionscadal FGL Luathbhlianta. | — Prionsabail dréachtaithe tar éis an chéad phróisis de thaighde & comhairliúchán<br>— Tástáil a dhéanamh |
| 5. Déanfar príomhshruthú ar Thionscadal FGL Luathbhlianta. | — An Clár Comhpháirtíochta FGL Múinteoirí-Ealaíontóirí & an Clár Cónaitheachta á dtacú, á gcothú agus á maoiniú ag CÉI agus RO.<br>— Anois i bhformáid F2F agus Ar Líne.<br>— Próiseas tosaithe chun leathnú amach chuig réimsí cruthaitheachta níos leithne. |
| 6. Déanfar príomhshruthú ar Thionscadal FGL Iarbhunscoileanna. | — Tacaíocht a thabhairt don Ealaín i gcláir FGL na Sraithe Sóisearaí<br>— Réamhullmhú ar thairiscint nua "scoile uile" tosaithe |

| Plean Óige Ildánach 2017<br>Gníomhartha Bunaidh | Mar Atá Anois |
|---|---|
| 7. Beidh deiseanna breise ar fáil do scoileanna chun códú agus smaointeoireacht ríomhaireachtúil a chur ar fáil. | — Cuireadh tús le feidhmiú céimneach na Ríomheolaíochta Ardteistiméireachta i Meán Fómhair 2018<br>— Tionscnamh píolótach códaithe CNCM i mbunscoileanna<br>— Scrúdú á dhéanamh ar Theicneolaíochtaí Cruthaitheachta a leathnú amach go dtí suíomhanna foirmiúla |
| 8. Forbrófar bearta chun rannpháirtíocht sa drámaíocht a leathnú i ndrámaíocht/ amharclannaíocht taobh amuigh den scoil. | — Tá acmhainní & struchtúir nua chun tacú le bunú grúpaí breise i bhfearas (3 cinn bunaithe cheana féin)<br>— Leathnú ar chlár oiliúna nua tosaithe<br>— Tacaíochtaí do NSU i bhfearas |
| 9. Forbrófar straitéis chun amhránaíocht chóiriúil a bhunú. | — Tá tionscadal taighde gníomhaíochta déanta<br>— Múnla a forbraíodh do Spásanna Amhránaíochta agus acmhainní FGL. |
| 10. Forbrófar Tionscadal Sparánachta Luathbhlianta aon uaire do shuíomhanna Luathbhlianta. | — Bronnta ar 4 eagraíocht |
| 11. Déanfar athdhearadh ar Chruinniú (Cruinniú na Cásca roimhe seo) agus forbrófar é mar lá náisiúnta cruthaitheachta do leanaí agus daoine óga. | — Rinneadh an cúigiú atriall in 2022<br>— Neadaithe in údaráis áitiúla<br>— In 2020, cuireadh tús le próiseas chun dul i gcomhar le comhpháirtithe breise forbartha agus seachadta |





| | |
|---|---|
| 12. Forbrófar Tionscnamh Comhairliúchán Óige. | — Guth an linbh agus an duine óig fite i dtionscnaimh ÓI |
| 13. Forbrófar cláir chruthaitheachta do dhaoine óga i bpobail atá faoi mhíbhuntáiste. | — CÁÓI — cé nach do phobail atá faoi mhíbhuntáiste amháin iad<br>— Tá lear mór de scoileanna DEIS i gcláir do Scoileanna Ildánacha & do Bhraislí Cruthaitheachta.<br>— Tá tionscadal Teicneolaíochtaí Cruthaitheachta spriocdtha sna réimsí sin |
| 14. Bunófar Comhpháirtíochtaí Áitiúla Óige Ildánach ar bhonn píolótach. | — 6 bheart Píolótach i bhfearas (thosaigh an leathnú in 2021)<br>— Measúnú críochnaithe |
| 15. Bunófar Ciste Náisiúnta Cruthaitheachta. | — Críochnaithe ach níor bhain sé go hiomlán le hÓige Ildánach<br>— 50% de na tionscadail a fuair maoiniú bhí siad dírithe ar an óige |
| 16. Feidhmiú gnéithe breise de Chairt na nEalaíon san Oideachas. | — Tuilleadh gníomhartha feidhmithe agus leanúnach<br>— Cuirfear gníomhartha den scoth san áireamh i bhforbairt ghníomhartha ÓI sa todhchaí |
| 17. Forbrófar agus feidhmeofar tionscadal náisiúnta mapála cruthaitheachta. | — Tosaithe trí Mhapáil Dhigiteach ag an RO<br>— Obair thairsí na Comhairle Ealaíon agus na nEalaíon san Oideachas |
| 18. Cuirfear acmhainní ar fáil agus tosófar ar thionscadal taighde de chuid Éire Ildánach in 2018. | — Tá 2 thionscadal taighde tosaithe i gcomhpháirtíocht le Chomhairle um Thaighde in Éirinn.<br>— Déanfar machnamh ar na torthaí mar chuid den phleanáil straitéiseach don todhchaí |



Comhpháirtíocht Óige Ildánach Áitiúil le Stephen Lappin

# Aguisín 4

## An Próiseas Comhairliúcháin do Phlean Óige Ildánach 2017–2022

Ionchorpraíodh líon comhairliúchán fairsing faoi stiúir RO, RBATNE, RLCMLÓ agus na Comhairle Ealaíon i bhforbairt an Phlean Óige Ildánach. Áiríodh leo comhairliúcháin le heagraíochtaí earnála tábhachtacha agus comhlachtaí ionadaíocha, Boird Bhainistíochta agus ceannairí scoileanna, i bpobal na n-ealaíon agus i gcomhlachtaí san earnáil phoiblí. Éascaíodh an comhairliúchán le leanaí agus le daoine óga trí Hub na nÓg, agus cuireadh leis an aiseolas le forbairt polasaí (Dhaoine Óga, Leanaí agus Oideachas) DÓLO na Comhairle Ealaíon.

Déantar achoimre ar gach aon ceann de na tuarascálacha comhairliúcháin anseo a leanas. Is féidir teacht ar na tuarascálacha comhairliúcháin ina iomláine ar líne.

### Páirtí Leasmhar na Roinne Oideachais agus Comhairliúchán Scoileanna ar an bPlean Óige Ildánach 2023–2027

#### Foghlaim H2

Bhain Aonad Polasaí Curaclaim agus Measúnaithe na Roinne Oideachais leas as Foghlaim H2 agus iad i mbun a gcomhairliúcháin. Bunaíodh Grúpa Stiúrtha Inmheánach agus Grúpa Páirtithe Leasmhara Comhairleach Óige Ildánach gearrthéarmach a bhí comhdhéanta de pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha iomchuí d'eagraíochtaí oideachais agus cruthaitheacha araon. Lean an rannpháirtíocht thar thréimhse sé seachtaine agus iad comhdhéanta de shraith cruinnithe, dhá ghrúpa fócais ar líne agus tugadh cuireadh d'eagraíochtaí aighneacht i scríbhinn a chur isteach. Dhírigh Grúpa Fócais 1 ar chomhpháirtíochtaí idir chuir chuige fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla araon maidir leis an gcruthaitheacht i scoileanna. I nGrúpa Fócais 2, díríodh an plé ar raon na ngníomhaíochtaí cruthaitheacha a shíneadh dár ndaoine óga. Ina theannta sin, d'eisigh an Roinn Oideachais comhairliúchán scoileanna ar líne.

- Ghlac 28 eagraíocht ar páirtithe leasmhara iad páirt sa chomhairliúchán.
- D'fhreastail 24 rannpháirtí ar Ghrúpa Fócais 1.
- D'fhreastail 17 rannpháirtí ar Ghrúpa Fócais 2.
- Fuarthas 17 aighneacht i scríbhinn ó eagraíochtaí ar páirtithe leasmhara iad.
- D'fhreagair 303 scoil an suirbhé ar líne do bhunscoileanna agus scoileanna speisialta, agus b'ionann sin agus 9% de scoileanna den chineál sin.
- D'fhreagair 130 scoil an suirbhé ar líne d'iarbhunscoileanna, agus b'ionann sin agus 17.5% de scoileanna den chineál sin.

Thuairisc na bunscoileanna agus na hiarbhunscoileanna a d'fhreagair an suirbhé go raibh leibhéal ard sástachta leis an tionscnamh Óige Ildánach. Thug siad ar aird raon leathan buntáistí a bhí mar thoradh ar a bheith rannpháirteach ann.

Seo a leanas na 5 bhuntáiste is mó a léirigh bunscoileanna agus scoileanna speisialta:

1. Scileanna Ealaíon agus Cruthaitheacha
2. Foghlaim chomhoibritheach do dhaltaí
3. Caidrimh fhoghlama a fhorbairt le daoine gairmiúla lasmuigh den scoil
4. Feabhas ar fholláine agus luach ar fholláine
5. Foghlaim Shóisialta agus mhothúchánach

Seo a leanas na 5 bhuntáiste is mó a léirigh iarbhunscoileanna:

1. Scileanna Ealaíon agus Cruthaitheacha
2. Feabhas ar fholláine agus luach ar fholláine
3. Foghlaim chomhoibritheach do dhaltaí
4. Caidrimh fhoghlama a fhorbairt le daoine gairmiúla lasmuigh den scoil
5. Foghlaim Shóisialta agus mhothúchánach

Seo a leanas na 5 phríomhshrian ar Chleachtas Cruthaitheach i mbunscoileanna/ scoileanna speisialta:

1. Ró-ualach ar an gcuraclam
2. Easpa ama
3. Easpa maoinithe
4. Brú córasach — tacaíochtaí RSO, clúdach d'ionadaithe, am scaoilte
5. Easpa oiliúna / FGL

Seo a leanas na 5 phríomhshrian ar Chleachtas Cruthaitheach in iar-bhunscoileanna:

1. Easpa ama
2. Ró-ualach ar an gcuraclam
3. Easpa maoinithe
4. Easpa tuisceana ar dheiseanna tionscnaimh chruthaithigh
5. Níos mó páipéarachais

**Achoimre ar na Príomhthorthaí**

— Ba chóir go dtacódh an Plean Óige Ildánach le cur chun cinn agus le tosaíocht tuiscint níos leithne ar chur in iúl cruthaitheach.

— Tá gá ann an chruthaitheacht a bhreithniú mar mheon aighne nó mar bhealach maireachtála agus mar phróiseas seachas é a fheiceáil mar ní éigin breise i scoileanna (go háirithe ag an tSraith Shinsearach). Tá gá le tuilleadh comhairliúcháin feadh na n-ionad oideachais ar fad maidir leis an ról agus an tábhacht atá leis an gcruthaitheacht don fholláine agus a bheith ag déanamh go maith mar dhaoine.

— Tá soláthar deiseanna FGL do mhúinteoirí sula dtosaíonn siad ar thionscnaimh Óige Ildánach agus le linn dóibh a bheith ina mbun, ríthábhachtach agus riachtanach araon chun an chruthaitheacht a neadú i scoileanna agus san oideachas ag gach leibhéal.

— Tá gá ann leas a bhaint as scileanna múinteoirí (agus oideachasóirí eile), mar chleachtóirí cruthaitheacha agus mar chomhoibritheoirí idirghníomhaireachta in Óige Ildánach chun dul chun cinn a chinntiú tríd an gcóras oideachais, agus FGL a sholáthar do mhúinteoirí eile agus do chleachtóirí cruthaitheacha a bhíonn ag obair i scoileanna agus le scoileanna.

— Teastaíonn guth láidir ó mhúinteoirí ó thaobh leagan amach tionscnaimh Óige Ildánach scoilbhunaithe.

— Ní mór soláthar FGL do gach cleachtóir cruthaitheacha a bhíonn ag obair i scoileanna (nó ar mian leo oibriú ann) a leagan amach agus a thairiscint mar chuid de gach clár cruthaitheach.

— Soláthar FGL do CRSanna chun a scileanna cruthaitheach féin a fhorbairt agus a chleachtadh le leanaí.

— Am agus oiliúint chosanta a thabhairt do chleachtóirí cruthaitheacha/seachtracha chun tuiscint a fháil ar mhíchumais fhisiciúla nó fhoghlama sonracha, go háirithe agus iad ag obair i scoil nó i rang speisialta. Sna cásanna sin, tá gá le hionduchtú nádúrtha i gcláir chruthaitheacha ina bhféadfaí foghlaim a mhalartú idir ealaíontóirí, Múinteoirí agus CRSanna.

— Mar chuid bhunúsach den chruthaitheacht a neadú san oideachas tá lánpháirtiú na cruthaitheachta trí sholáthar FGL Múinteoirí agus Oideachas Múinteoirí Tosaigh níos fearr.

— Ba chóir go dtabharfaí aitheantas, agus go ndéanfaí soláthar, don ról lárnach a bhíonn ag scoileanna agus ag múinteoirí a chinntiú go féidir ráthaíocht a thabhairt go mbeidh rochtain ag gach duine óg ar an gcruthaitheacht.

— Ba chóir go mbreithneofaí i bhforbairt churaclaim amach anseo mar is féidir leis an gcruthaitheacht cur le gach aon ábhar, chun go bhféadfaí cur chuigí agus cleachtais chruthaitheachta a neadú i ngach gné den teagasc, den fhoghlaim agus den mheasúnú.

— Ba chóir go spreagfaí cineálacha éagsúla measúnaithe a léireodh na cleachtais chruthaitheacha éagsúla i scoileanna agus na cineálacha éagsúla de chur in iúl cruthaitheach a bheadh mar thoradh ar chur chuige curaclaim a bheadh níos solúbtha agus níos dírithe ar an gcruthaitheacht.

— Bhí ról ríthábhachtach ag an Líonra Ionaid Oideachais, a fuair tacaíocht ó bhunáit Na hEalaíona san Oideachas atá lonnaithe in Ionad Oideachais Thrá Lí agus trí chomhordú náisiúnta, i dtionscnaimh Óige Ildánach go dtí seo agus laghdaíodh an t-ualach riaracháin agus bainistithe airgeadais ar scoileanna.

— Ní mór go gcuirfí tuilleadh béime i bPlean Óige Ildánach 2023–2027 ar ghné taighde a neadú sna tionscnaimh Óige Ildánach go léir ón tús, chomh maith le i gcomhar lena bhforbairt. Is féidir leas a bhaint as tionscnaimh meastóireachta agus taighde chun sárchleachtas a dhoiciméadú agus chun tionscnaimh chruthaitheacha a scrúdú i ndáil le comhionannas, éagsúlacht agus uilechuimsitheacht agus tionchar ar fhorbairt iomlánaíoch agus folláine ghinearálta na ndaoine óga.

— Ní mór d'fhorbairtí Óige Ildánach sa todhchaí cur leis an dea-chleachtas suntasach atá ag tarlú cheana féin i scoileanna agus a bheith bunaithe ar shaineolas an phobail taighde oideachais in Éirinn.

— Ba chóir do cheannairí scoile tacaíocht a fháil chun go mbeadh foireann iomlán na scoile cruthaitheach ina gcuid oibre le leanaí trí FGL, am a thabhairt do mhúinteoirí chun a gcuid scileanna féin a fhorbairt agus díriú ar an gcruthaitheacht a neadú laistigh den churaclam.

— Tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt go dtarlaíonn foghlaim chruthaitheach den chuid is mó sa bhaile; agus mar sin, tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt do ról na dtuismitheoirí chun an chruthaitheacht a chothú agus a spreagadh.

— Is samplaí dearfacha iad tionscnaimh Óige Ildánach amhail Cnuasaigh Ildánacha, Scoileanna Ildánacha agus BLAST, Clár Cónaithe Comhpháirtíochta Ealaíontóirí Múinteoirí, na hEalaíona sa tSraith Shóisearach agus Idirghníomhaíocht Ildánach CNPPT, de thionscnaimh a léiríonn an tionchar is féidir le cruthaitheacht a bheith ar fhoghlaim, ar fhorbairt agus ar fholláine leanaí agus ar dhaoine óga san ionad scolaíochta foirmiúil.

— Tá gá ann cur leis an méid ama a bhíonn i gceist le deiseanna d'ealaíontóirí cónaithe oilte agus ag an leibhéal iar-bhunscoile raon gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla a fhorbairt do mhúinteoirí chun tacú leo le gníomhaíochtaí mar sin.

— Bhí an-tábhacht le Comhpháirtíochtaí Óige Ildánach Áitiúil chun riachtanais daoine óga ag an leibhéal áitiúil sna pobail a aithint agus ba chóir sin a leathnú amach go náisiúnta.

— Tá sé tábhachtach go bhforbraítear naisc leis an dréachtphlean do na Tionscail Ildánacha, i gcomhar leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, ag díriú ar na tionscail dearadhbhunaithe, chruthaitheacha dhigiteacha agus cruthú ábhar.

— Ba chóir scrúdú iomlán a dhéanamh ar na féidearthachtaí chun an chruthaitheacht a chur san áireamh i gcuraclam nua nuair a bheidh sonraíochtaí nua á bhforbairt agus á bpíolótú.

### Comhairliúchán páirtithe leasmhara idir an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus Óige Ildánach Éireann

D'aithin an RLCMLÓ eagraíochtaí mar pháirtithe leasmhara féideartha trí aonaid éagsúla feadh na Roinne, lena n-áirítear Na Luath-bhlianta, An Straitéis Náisiúnta do Mhná agus do Chailíní, Gnóthaí Óige, An Straitéis Lánpháirtíochta Imirceach agus an Grúpa Stiúrtha maidir le 'Deich mBliana do Dhaoine ó Chúlra Afracach' de chuid na Náisiún Aontaithe. Cruthaíodh ceistneoir gearr agus seoladh é chuig 180 duine aonair agus eagraíocht éagsúla. Roinneadh ceisteanna in dhá chuid; ceann d'eagraíochtaí a raibh baint acu roimhe seo le Cláir Éire Ildánach agus ceann dóibh sin nach raibh aon bhaint acu roimhe sin leo, agus scaipeadh é go cothrom ar gach aon chineál páirtí leasmhair.

Fuarthas 28 freagra agus b'ionann sin agus ráta freagartha 17%.

#### Achoimre ar na Príomhthorthaí

- Fuarthas gur éirigh go maith le haiseolas ar chur chuige an chuibhreannais, comhoibriú idir ranna agus páirtithe leasmhara éagsúla faoi Phlean Óige Ildánach 2017.
- Ina theannta sin, tugadh ar aird an buntáiste a bhí ann straitéis náisiúnta a bheith ann ó thaobh treorach agus cúnaimh le pleanáil straitéiseach.
- Áirítear ar na nithe dearfacha eile, an tionchar a bhíonn ag maoiniú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanas ar leith, agus an tsaoirse agus an tsolúbthacht chun tionscnaimh nua a thriáil.
- Is gné ríthábhachtach é an tacaíocht leanúnach ó Hub na nÓg chun a chinntiú go mbeadh cur chuige faoi stiúir na hóige le gach clár agus polasaí.
- D'fhéadfadh ardú ar am agus ar chumas cuidiú le tionscadail a fhorbairt, caidrimh a chothú nó ní éigin nua a leathadh amach.
- Laistigh de chláir scoile, ba chóir go mbeadh múinteoirí agus scoileanna rannpháirteach ina ndearadh agus ina seachadadh agus ba chóir go mbeadh na ceannairí scoile rannpháirteach go dlúth.
- Ba chóir go mbeadh cláir straitéiseach agus comhlántach do thacaíochtaí maoinithe agus cláir reatha.
- Áirítear ar na srianta ar chruthaitheacht, teanga, inrochtaineacht ar chláir agus teicneolaíocht.
- Le CÁÓI forbraítear líonraí go háitiúil agus táthar in áit mhaith chun tacú leo sin is deacra atá le teacht orthu. Agus iad in áit mhaith sna Boird Oideachais agus Oiliúna, moltar go mbeadh níos mó maoinithe acu ar bhonn fadtéarmach.
- D'fhéadfadh an Plean Óige Ildánach nasc níos fearr a bheith acu le nithe amuigh faoin aer, le himeachtaí teaghlaigh agus le hobair óige sna hearnálacha neamhfhoirmiúla.
- Bheadh fáilte roimh ghrúpaí stiúrtha mar a d'fhéadfadh ranna éagsúla a bheith rannpháirteach sna cláir sin chun oibriú le chéile seachas go neamhspleách.
- Ba chóir go mbeadh níos mó oiliúna curtha ar fáil dóibh sin a bhíonn rannpháirteach i dtionscnaimh Óige Ildánach.
- Tá gá le cur chuige cumarsáide feadh Óige Ildánach.
- D'fhéadfaí leas a bhaint as Cruinniú na nÓg chun cur le rochtain níos fearr.
- Ba chóir go mbeadh daoine óga faoi mhíchumas curtha san áireamh i ngach gné dá saol.
- Bíonn ról iontach ag Luathbhlianta laistigh d'Éire Ildánach.
- Bhí an bhraistint maidir leis na cláir scoileanna dearfach, agus rinneadh moltaí go ndéanfaí maoiniú breise ar thionscnaimh áirithe.



Fighting Words — Grianghraf le Piquant Media

**Comhairliúcháin na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige le Leanaí Bunscoileanna agus Daoine Óga i gComhairle na nÓg don Phlean Óige Ildánach 2023–2027 — *An Dr Angela Palmer***

D'fhorbair agus sheachaid RLCMLÓ, tríd an Aonad Athchóirithe Óige, Straitéise agus Rannpháirtíochta i gcomhar le Hub na nÓg, próiseas comhairliúcháin le leanaí agus le daoine óga chun deis a thabhairt dóibh a bheith rannpháirteach agus cur le forbairt Plean Óige Ildánach.

***Comhairliúcháin le leanaí scoile don Phlean Óige Ildánach 2023-2027 (Leanaí in aois Bhunscoile)***
Maidir le leanaí in aois bhunscoile, forbraíodh ceistneoir agus seachadadh go pearsanta chuig roinnt scoileanna é. Rinneadh na comhairliúcháin le leanaí ó rang a haon go dtí rang a sé i dtrí scoil i dtrí chontae in Éirinn – Baile Átha Cliath, Gaillimh agus Ciarraí. Ghlac 78 leanbh san iomlán páirt ann. Bhí na leanaí scoile a chuathas i gcomhairle leo grúpáilte sna trí chatagóir seo a leanas: Rang a 1 agus Rang a 2, Rang a 3 agus Rang a 4, agus Rang a 5 agus Rang a 6.

D'éascaigh beirt oifigeach rannpháirtíochta leis na comhairliúcháin sna scoileanna féin agus bhí duine i láthair a bhí ag tógáil nótaí freisin. Tar éis cur i láthair 10 nóiméad le haithne a chur ar a chéile, díríodh sna comhairliúcháin leis na leanaí i ngach aon cheann den trí scoil sin ar thrí chleachtadh san iomlán thar dhá chuid.

**Achoimre ar na Príomhthorthaí**
**Cuid a hAon**
**Cleachtadh 1: D'iarr na hOifigigh Rannpháirtíochta ar na daltaí cad a chiallaíonn an chruthaitheacht dóibh ó thaobh comhrá béil.**

Shainmhínigh na daltaí i rang a 5 agus i rang a 6 an chruthaitheacht mar a theacht suas le réitigh nach mbeadh gach duine ag smaoineamh air, ag baint úsáid as do shamhlaíocht agus 'féachaint ar nithe ar bhealach úr', gan a bheith ag cóipeáil ó dhaoine eile nó ag éisteacht le daoine eile ach ag cruthú do chuid smaointe féin le roinnt le daoine eile. Labhair siad ar chruthaitheacht a bheith 'bunaithe i d'intinn' agus ag léiriú samplaí mar iad seo a leanas:

— Grianghrafadóireacht trí 'ghrianghraif a thógáil ó threonna éagsúla';
— Cásanna 'nach mbíonn na hábhair go léir agat le ní éigin a thógáil agus oibríonn tú amach cad a bheidh ag teastáil uait';
— Na nithe a thagann isteach i d'intinn a dhéanamh agus beocht a thabhairt do smaointe;
— Iarracht a bhaint as cleas nua, nó pas nó ní éigin nua sa spóirt; agus
— Is féidir le botún a bheith cruthaitheach. Má dhoirteann tú péint ar phéintéireacht, is féidir leis a bheith cruthaitheach go fóill.

Shainmhínigh daltaí scoile i rang a 3 agus i rang a 4 an chruthaitheacht mar ní éigin a dhéanann tú i d'intinn féin, 'as do mheabhair cinn', agus 'gur féidir leat do rogha rud a dhéanamh ó do shamhlaíocht'. Luaigh siad gur ionann an chruthaitheacht agus na nithe seo a leanas:

— 'Níl aon teorainn i gceist, is féidir leat smaoineamh ar rud éigin agus ansin é a dhéanamh';
— Rud éigin a chruthaigh tusa. Níl a leithéid eile le fáil agus;
— Rud éigin a bhaineann lán na súl ó dhaoine eile.

Bhí tuairimí den chineál céanna ag daltaí ó rang 1 agus 2 maidir leis an gcruthaitheacht, iad ag rá 'samhlaigh go dtagann rud éigin isteach i d'intinn', nó 'go mbíonn smaoineamh agat', 'rud éigin a chruthaíonn tú i d'intinn'. Labhair siad faoin gcruthaitheacht ó thaobh na nithe seo a leanas:

— Aon rud atá tú in ann a chumadh;
— Ag baint athúsáid as cairtchlár, rollaí leithris, páipéar agus;
— Rud éigin a dhéanann tú leat féin.

**Cleachtadh 2: Roinneadh daltaí ina mbeirteanna agus tugadh páipéar folamh dóibh. D'iarr na hOifigigh Rannpháirtíochta ansin orthu cén chiall a bhí leis an gcruthaitheacht laistigh dá bpobail féin agus ansin chuir siad roinnt ceisteanna eile orthu.**





Maidir le daltaí rang a 5 agus rang a 6 is éard is pobal ann ná, ' baile nó pobal ar líne nó grúpa daoine.... aon cheann acu sin nó iad ar fad'. Maidir le níos mó cruthaitheachta a bheith sa phobal, mhol na daltaí sin go raibh roinnt nithe i gceist, mar iad seo a leanas:

— Níos mó ealaíon go háitiúil chun spreagadh a thabhairt (graifítí, suiteálacha ealaíon ildánach, droichid lándaite agus póstaeir ealaíon, foirgnimh níos glaine);
— Níos mó páirceanna spóirt agus spás glas amuigh faoin aer (curadóireacht sa phobal, spóirt éagsúla agus clubanna ealaíon, páirceanna le gabháil ag clárscátáil ann, cispheil agus peil, etc.).

Labhair daltaí i rang a 3 agus i rang a 4 faoin gcruthaitheacht mar rud éigin 'difriúil agus uathúil' 'nach raibh cruthaithe roimhe sin' ach a bhí 'draíochtúil' agus 'nach raibh a leithéide eile le fáil'. Deir na leanaí sin go bhféadfaí feabhas a chur ar chruthaitheacht sa phobal trí rochtain níos fearr ar pháirceanna spóirt, ailtireacht na mbailte, agus dalta amháin ag tagairt don tábhacht atá le siopaí a bheadh níos oiriúnaí do dhaoine faoi mhíchumas sa bhaile. Rinne an grúpa cur síos ar roinnt smaointe bunaithe ar chultúr agus ar ghníomhaíochtaí a d'fhágfadh go mbeadh níos mó nithe ildánacha sa phobal, ina measc:

— An Cultúr agus na hEalaíona: Pictiúrlann áitiúil; gailearaí ealaíne áitiúil agus níos mó iarsmalanna; stiúideo ceoil (ag foghlaim conas a bheith i do DJ, an veidhlín, an didgeridoo, an pianó, an trumpa, an giotár etc. a sheinm); Stiúideo ealaíne (chun píosaí ealaíne a chruthú do chách chun taitneamh a bhaint astu, ballaí a spraeáil le péint); Ionad tógála Minecraft nó Lego; agus sráideanna agus foirgnimh níos Glaine.
— Gníomhaíochtaí Pobail: Fáinne babhlála; ionaid pobail ina mbeidh ionad aclaíochta do leanaí; bealaí rothaíochta agus bealaí siúlóide sa nádúr (gan trácht); Ceardlanna tógála (chun nithe a thógáil mar shaighead agus bogha, tithe crann, éadaí, leabhair, uirlisí troda); Páirc uisce (tá siad seo i mbailte eile); Cluichí siamsaíochta; Áit chun a bheith ag machnamh ann, bealaí sióg, crann léitheoireachta agus laindéir dhaite sa pháirc áitiúil; Zú do pheataí, uisceadáin, páirceanna madraí, stáblaí capall; agus níos mó ionaid oiliúna don ealaín chomhraic (Kung Fu, Karate, Jiu Jitsu).

De réir daltaí rang a 1 agus rang a 2 is ionann pobal agus 'timpeallachtaí' agus 'daoine a oibríonn le chéile' mar fhoireann. Bhí an chruthaitheacht dírithe ar 'nithe nua a fhoghlaim' agus 'rud ar bith a bhí tú in ann a chruthú'. D'fhéadfaí an chruthaitheacht sa phobal a fheabhsú don ghrúpa seo tríd na nithe seo a leanas:

— Níos mó áiseanna súgartha do Lego agus le haghaidh tógála; linn snámha áitiúil agus snámh; Níos mó páirceanna spóirt agus spáis ghlasa don súgradh; Ionad ealaíne agus clubanna ealaíne; Ionad gairneoireachta (chun bláthanna agus glasraí a chur); Níos mó spásanna glasa glana i bpáirceanna (folaigh agus cuardaigh, trampailín, lúbra do leanaí, áiteanna picnice, droichead rópa); agus Póstaeir dheasa ar fud an bhaile ag meabhrú do dhaoine "Bí cineálta, bí cruthaitheach, bí thú fhéin."

**Cuid a Dó**
**Cleachtadh 3: Rinneadh an cleachtadh seo tríd na rannpháirtithe aonair sna trí ghrúpa ag tarraingt nó ag scríobh na cuma a bheadh ar an scoil nó ar an iar-scoil ar mhian leo a bheadh acu. Seo a leanas na téamaí is comónta a tháinig chun cinn sna freagraí:**

— Níos mó spás glas — Clós féir níos mó, crainn le gabháil ag dreapadóireacht orthu, saor-súgradh, luascáin, sleamhnáin, barraí moncaí, frámaí dreapadóireachta, etc.

— An chruthaitheacht ealaíonta — An chruthaitheacht a spreagadh, tógáil, ag tarraingt i saorláimh, taispeántais, comórtais, dealbhóireacht, adhmadóireacht, siúinéireacht, damhsa, amharclann, aisteoireacht, etc.

— Seomra céadfach/ áit chun a bheith ar do shuaimhneas — bréagáin struis, cluichí, toilg, sneaiceanna, leabhair, etc.

- Snámh / linn snámha ar scoil — ceachtanna agus cead súgradh de réir do thola.
- Ainmhithe — Lá a mbeadh cead agat do pheata a thabhairt ar scoil, sú do pheataí, beathadán éan, madra ranga, oideachas leasa ainmhí.
- Níos mó teicneolaíochta — ag teagasc trí iPadanna, ríomhairí, ríomhairí glúine, cluichí ríomhaireachta agus Réaltacht Fhíorúil.
- Gan aon obair bhaile — Bíonn dóthain oibre le déanamh ar scoil. Gan aon obair bhaile, nó níos lú obair bhaile. Clubanna scoile — Spórt, aisteoireacht, ealaín, códú, Lego, Minecraft, cluichí ríomhaireachta, etc.
- Éagsúlacht i ngníomhaíochtaí spóirt agus páirceanna níos mó: Leadóg, cispheil, galf, raon reatha, cúrsa bacainní, tadhaill, cluichí comhraic, *bulldog.*
- Leabharlann na Scoile: Córas malartaithe leabhar, leabhair nua.
- Éagsúlacht ábhar: Síceolaíocht, folláine, eolaíocht, ceol, gairneoireacht, réalteolaíocht, róbataic, códú, cócaireacht/ bácáil.
- Struchtúr agus timpeallacht: Múinteoirí ar bhonn sealaíochta agus seomraí ranga difriúla do gach ábhar. Scoileanna níos glaine agus foirgnimh ildaite, laistigh agus lasmuigh.

### *Ceardlanna Óige Ildánach Chomhairle na nÓg (Daoine Óga in aois Iar-bhunscoile)*

Do dhaoine óga in aois iar-bhunscoile, reáchtáladh roinnt ceardlanna ag Imeachtaí Líonraithe Bliantúla Chomhairle na nÓg i Sligeach, i Luimneach agus i mBaile Átha Cliath. Reachtaítear iad sin do chomhaltaí Chomhairle na nÓg ó gach aon cheann de na 31 Comhairle de chuid Chomhairle na nÓg ar fud na hÉireann. Is iad croíphrionsabail Chomhairle na nÓg ná go mbíonn daoine óga ag aithint, ag tabhairt tosaíochta agus ag cur chun cinn topaicí atá tábhachtach dóibh féin. Reachtaítear ceardlanna ar shaincheisteanna sonracha chun iarracht tionchar a bheith acu ar lucht déanta cinntí chun na torthaí is mian le daoine a bhaint amach nó a athrú a chomhlíonadh. D'éascaigh Foireann Rannpháirtíochta Náisiúnta Chomhairle na nÓg na ceardlanna atá léirithe thíos agus pléadh saincheist na cruthaitheachta agus cur in iúl na cruthaitheachta laistigh de phobal na ndaoine óga sin. Ghlac 150 duine óg idir 12 agus 17 mbliana d'aois páirt sna comhairliúcháin sin. Cé nár bailíodh aon ghrúpa sain-inscne, thug éascaitheoirí ar aird go raibh thart ar an líon céanna buachaillí agus cailíní i láthair ag gach aon cheann de na trí chomhairliúchán ag na ceardlanna.

### Achoimre ar na Príomhthorthaí

***Ceist: Cad iad na nithe a chuidíonn le daoine óga a bheith cruthaitheach in Éirinn?***

Sampla d'Fhreagraí ón Tuarascáil:

- Campas ildánach, ealaín sráide agus múrmhaisithe timpeall bailte agus cathracha chun inspioráid a fháil.
- Cláir ealaíon, grúpaí ceoil, grúpaí amharclannaíochta/aisteoireachta agus cláir óige.
- Siúlóidí sa Dúlra.
- Éide, tuismitheoirí, féilte cultúir agus taistil a bheadh inrochtana, seónna/aontaí pobail.
- Comórtais áitiúla don ealaín, scríbhneoireacht agus don fhilíocht, etc.
- Feasacht a ardú agus níos mó roghanna chun a bheith cruthaitheach.
- Ealaín déanta in Éirinn mar na scannáin Wolf Walkers nó Songs of the Sea.
- Campaí samhraidh agus scáth-spásanna óige amuigh faoin aer.
- Na meáin shóisialta — pobail ar líne, grianghrafadóireacht, físeáin, tionchar ó chruthaitheoirí
- Daoine óga ag roinnt a gcuid smaointe
- Gníomhaíochtaí na hIdirbhliana.
- Taispeántas Ealaíne Óige ina bhféadfaidh déagóirí a gcuid ealaíne a chur ar taispeáint agus saothair ealaíne a dhíol







Teicneolaíocht Ildánach, Kinia — Grianghraf le Peter Houlihan

- Tacaíocht agus spreagadh ó na daoine atá timpeall ort agus easpa breithiúnais.
- Níos mó deiseanna gairme sna hEalaíona.
- An chruthaitheacht sna scoileanna trí roghanna ábhar, níos mó grúpaí óige, ceoldrámaí, seachtain folláine, ealaín a thabhairt chun críche, bácáil, ceol, ASDLÉ (Aontas Scoláirí Dara Leibhéal na hÉireann), imeachtaí cultúir, ceardlanna.

***Ceist: Cad ba chóir a fheabhsú do dhaoine óga chun cuidiú leo a bheith níos cruthaithí in Éirinn?***

Sampla d'Fhreagraí ón Tuarascáil:

- Fógraíocht a dhéanamh ar na grúpaí óige ildánach agus ar na cruinnithe mullaigh don óige chun go mbeidh a fhios ag daoine óga cad a bhíonn ar siúl.
- Ranganna snáthealaíne, clubanna (cniotáil, dearadh patrúin, cróise, sníomh, etc.) agus líníocht/péintéireacht, ranganna scannán/ grianghrafadóireachta.
- An stiogma faoi bhuachaillí a bheith cruthaitheach a laghdú.
- Níos mó roghanna/spásanna do dhaoine óga a bheith cruthaitheach sa scoil agus sa phobal (imeachtaí agus gníomhaíochtaí spraíúla ildánacha).
- Spásanna graifítí poiblí agus dlíthiúla agus spásanna sábháilte chun a bheith cruthaitheach.
- Níos mó ábhair chruthaitheacha sa scoil seachas díreach cluichí cuimhne.
- Níos mó dánlanna agus spásanna saor in aisce chun tú féin a chur in iúl.
- Daoine a theagasc chun iad féin a chur in iúl seachas díreach a bheith mar chuid den slua.
- Clubanna saor in aisce ar scoil agus tar éis na scoile.



Braislí Ildánacha — Grianghraf le Emma Kavanagh

- Feasacht níos fearr ar mheabhairshláinte agus ar mar a smaoiníonn daoine óga.
- Níos mó ealaíne agus dathanna ar fhoirgnimh agus laistigh d'fhoirgnimh.
- Rochtain níos éasca ar sholáthairtí agus ar cheachtanna ildánacha.
- Níos lú breithiúnais ar leanaí bunaithe ar an gcaoi a mbreathnaíonn siad, ar aois, ar ghnéaschlaonadh.
- Éagsúlacht a spreagadh i scoileanna ó aois óg.
- Labhairt faoi ealaíontóirí Éireannacha ó gach cineál ealaíne.
- Drámaíocht, clubanna scríbhneoireachta agus grúpaí amuigh faoin aer.
- Cláir ealaíne níos fearr ag an scoil.
- Éisteacht le daoine óga nuair a bhíonn imeachtaí ealaíne á n-eagrú.
- Níos lú brú a chur ar dhaoine óga chun go bhféadfaidh siad a bheith cruthaitheach agus gan cruthaitheacht óige a bhrú faoi chois.
- Spásanna níos fearr do dhaoine óga chun meascadh lena chéile agus smaointe a roinnt/ó ghlúin go glúin le pobail éagsúla chun smaointe/taithí a roinnt.
- Iompar poiblí ar phraghas níos ísle agus níos mó naisc iompair chun go mbeadh sé níos éasca dul chuig áiteanna éagsúla.
- Comhaltaí óga a bheith ar Choistí do chláir mar sin.
- An deis a bheith ann smaointeoireacht chriticiúil a chur chun cinn sna hEalaíona.
- Gan béim a chur ar inscne ó thaobh na cruthaitheachta.
- Bíonn ceachtanna ceoil an-daor agus ba chóir go mbeadh deiseanna ann uirlisí ceoil éagsúla a sheinm.
- Meas a bheith ar an gcruthaitheacht sa timpeallacht ETIM.
- Clubanna do ghrúpaí páistí níos sine.
- Líonra ina mbeadh ceangal idir Comhairle, ASDLÉ, Obair Óige na hÉireann, eagraíochtaí agus clubanna (lena n-áirítear an spórt) chun go mbeadh teacht níos éasca ag an bpobal orthu.
- Níos mó béime san oideachas ar dheiseanna gairme ildánacha.
- Curaclam na scoile.

Sampla de Thuairimí Breise ó Dhaoine Óga:

- Seachas an obair bhaile agus an obair scoile a bheith i bhfoirm scríbhinn ar fad, d'fhéadfaí é a dhéanamh níos fisiúla agus níos cruthaithí (d'fhéadfadh amharclannaíocht, amhránaíocht, damhsa, drámaíocht a bheith mar chuid de na gnáthábhair mar Eolaíocht nó Béarla).
- Bíonn stiogma nach mbíonn Ealaín agus Ceol ina n-ábhar acadúil, agus mar sin nach dtugtar an aird chéanna orthu ar scoil.
- Bíonn an-deis a bheith cruthaitheach ar scoil san Idirbhliain, ach is minic go mbíonn sé sin daor do dhaoine óga agus dá dteaghlaigh (d'fhéadfadh sé a bheith róchostasach).

## Suirbhé Páirtithe Leasmhara agus Suirbhé Foghlaimeoirí sa Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

Eisíodh suirbhé páirtithe leasmhara chuig 9 bPáirtí Leasmhara ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE).

Sa bhreis air sin, scaipeadh Suirbhé Foghlaimeoirí de chuid RBATNE ar fhoghlaimeoirí breisoideachais agus ardoideachais trí AONTAS (Guth na bhFoghlaimeoirí - BO) agus an tAMLA (Aontas na Mac Léinn Ardoideachais). Roinneadh suirbhé na bhfoghlaimeoirí freisin ar shuíomh idirlín RBATNE, agus cuireadh fógraí amach freisin trí ardáin mheáin shóisialta RBATNE.

Bhí 6.3% de na freagróirí don Suirbhé d'Fhoghlaimeoirí faoi 18 mbliana d'aois, bhí 23% acu idir 18 agus 25 bliain d'aois agus bhí 68% os cionn 25 bliain d'aois, agus bhí na freagraí scoilte 50/50 idir foghlaimeoirí ardoideachais agus breisoideachais.

## Achoimre ar na Príomhthorthaí

- Tá gá le feasacht níos fearr ar an bPlean Óige Ildánach laistigh den earnáil breisoideachais agus ardoideachais. Níl aon fheasacht ag 60% de na páirtithe leasmhara, agus ag

87.5% d'fhoghlaimeoirí ar an bPlean Óige Ildánach. Toisc go mbeidh breisoideachas agus ardoideachas san áireamh as seo amach sa Phlean Óige Ildánach nua, beifí ag súil go n-ardódh an fheasacht sin le linn thréimhse an Phlean nua.

— Mar sin féin, ba chóir a thabhairt ar aird go raibh an t-aiseolas dearfach den chuid is mó ó pháirtithe leasmhara agus ó fhoghlaimeoirí a raibh eolas acu air, nó a bhí rannpháirteach i gcláir/dtiocsnaimh óige ildánach.

— Tugadh ar aird sa chomhairliúchán go soiléir na príomhshrianta a bhíonn i gceist le rannpháirtíocht do dhaoine óga i gcúrsaí cruthaitheachta. Áirítear orthu:

  - Easpa feasachta ar na buntáistí atá ann do dhaoine óige a bheith rannpháirteach i gcúrsaí cruthaitheachta;
  - Easpa cumarsáide náisiúnta i ndáil leis an buntáistí a bhíonn ann a bheith gníomhach i gcúrsaí cruthaitheachta do dhaoine óga agus ar na roghanna atá ar fáil do dhaoine;
  - Bíonn stiogma éigin ag baint le bheith gníomhach i gcúrsaí cruthaitheachta agus mar nach mbíonn sé chomh soiléir go bhféadfadh gairm inbhuanaithe a bheith le fáil sna tionscail ildánacha; agus
  - Braitear go mbíonn easpa rochtana ar a bheith gníomhach leis an gcruthaitheacht bunaithe ar stádas socheacnamaíoch an duine.

— Ba chóir go ndéanfaí plé ar roinnt réimsí sa Phlean Óige Ildánach chun daoine óga a spreagadh chun a bheith gníomhach leis an gcruthaitheacht. Áirítear orthu;

  - Feasacht a thabhairt maidir leis na buntáistí a bhíonn mar thoradh ar a bheith gníomhach leis an gcruthaitheacht do dhaoine óga, rud a d'fhéadfaí a dhéanamh trí fheachtas feasachta náisiúnta a leathadh amach feadh na meán sóisialta;
  - A chinntiú go mbeidh conairí gairme soiléire i ndáil leis na tionscail chruthaitheacha ar fáil do dhaoine chun a léiriú go bhfuil roghanna gairme luachmhara agus inbhuanaithe ar fáil do dhaoine sa réimse seo;
  - An deis a scrúdú chun conairí gairme soiléire a nascadh le feachtas cumarsáide a bheadh dírithe ar thuismitheoirí chun an stiogma a bhraitear atá ann maidir le gairm sna tionscail ildánacha/ chruthaitheacha a mhaolú.
  - A chinntiú go mbeidh roghanna cruthaitheachta uilechuimsitheach agus inrochtana ann do chách nuair a bheidh cláir/tionscnaimh óige ildánach á ndearadh/nuashonrú; agus
  - A chinntiú go mbeidh guth an fhoghlaimeora le brath ar dhearadh clár/tionscnamh ildánach.

### Comhairliúcháin Polasaí na Comhairle Ealaíon le Daoine Óga, Leanaí agus Oideachas (DÓLO)

Chuaigh an Chomhairle Ealaíon i mbun próisis comhairliúcháin chun a thabhairt le fios mar atá sé beartaithe acu pleanáil agus soláthar a dhéanamh do leanaí agus do dhaoine óga feadh an chuid eile dá straitéis, *Making Great Art Work,* a bheidh ar bun go dtí 2025. Breithníodh an t-aiseolas a cruthaíodh uaidh agus an Plean Óige Ildánach 2023–2027 á fhorbairt. Scaip siad suirbhé comhairliúcháin ar líne do dhaoine gairmiúla agus do pháirtithe leasmhara fásta eile. Sa bhreis air sin, chuathas i gcomhairle le leanaí agus le daoine óga trí cheardlanna agus trí ghrúpaí fócais agus trí dhá shuirbhé a scaipeadh trí scoileanna agus trí ghrúpaí óige; ceann amháin dírithe ar ghasúir idir 8 agus 12 bliain d'aois agus suirbhé eile dírithe ar dhaoine óga in aois scoile 12–18 bliain d'aois.

#### *Comhairliúchán le Páirtithe Leasmhara Gairmiúla*

Roinneadh an suirbhé comhairliúcháin le raon príomhpháirtithe leasmhara fásta, lena n-áirítear eagraíochtaí ealaíon maoinithe, comhpháirtithe rialtais, gníomhaireachtaí náisiúnta, comhpháirtithe údaráis áitiúla, comhpháirtithe ardoideachais agus raon ealaíontóirí aonair, múinteoirí agus comhghleacaithe Ildánacha. Fuarthas 40 freagra, agus bhí fostaithe in eagraíochtaí ealaíon ar an líon ab airde de na freagróirí sin, ansin ealaíontóirí neamhspleácha/éascaitheoirí ealaíon/oibrithe ealaíon.

#### Achoimre ar na Príomhthorthaí

— Nuair a fiafraíodh cad iad na gníomhartha ar féidir glacadh leo sa Chomhairle Ealaíon chun tacú leis an timpeallacht ina bhféadfadh ealaín leanaí bláthú ann, seo a leanas na príomhthéamaí ó na freagróirí:

  - Cur le hinfheistíocht fhadtéarmach agus maoiniú d'ealaíontóirí; oideachas foirmiúil; ionaid ealaíon ar fud na tíre; forbairt scileanna ag gach leibhéal; taighde; agus forbairt cláir d'ardchaighdeán.
  - Cleachtóirí agus líonraí pobail a threisiú.
  - Comhpháirtíochtaí a thógáil feadh na hearnála agus díriú ar réimsí a mbíonn rannpháirtíocht an-íseal.
  - Tacaíocht oiliúna agus mheantóireachta d'ealaíontóirí a bheadh ag teacht chun cinn maidir le conas a bheith ag obair le daoine óga.

— Nuair a fiafraíodh cad iad na gníomhartha ar féidir glacadh leo sa Chomhairle Ealaíon chun tacú le heispéiris ealaíon a mbeadh gach leanbh rannpháirteach, agus deireadh a chur le bacainní ar rannpháirtíocht sna cásanna ina bhfuil siad, seo a leanas na príomhthéamaí ó na freagróirí:

  - Na bacainní atá ann a aithint agus infheistíocht a dhéanamh i straitéis fhadtéarmach chun an ceann is fearr a fháil orthu.
  - Díriú ar chleachtas ealaíon óige uilechuimsitheach. Díriú go sonrach ar ghrúpaí mionlaigh agus ar ghrúpaí ar an imeall le cláir a bheadh in oiriúint dóibh a thabharfadh aghaidh ar na bacainní ar rannpháirtíocht. A bheith gníomhach le córais agus le struchtúir (ceannairí pobail, grúpaí abhcóideachta, seirbhísí teaghlaigh, oibrithe óige, etc.) a thugann tacaíocht go phobail ar an imeall chun bacainní ar rannpháirtíocht a shárú. Infheistiú in oifigigh for-rochtana chun teagmháil a dhéanamh leis na pobail sin.
  - Leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag infheistiú i gcláir ealaíon mar chuid den phríomhchóras oideachais foirmiúil ar shlí níos struchtúrtha agus tacú le múinteoirí iad a chur i bhfeidhm chuig caighdeán den scoth. A chinntiú go mbeadh uilechuimsitheacht ina gcláir ealaíon ag gach comhlacht oideachais.
  - Thagair tuairim amháin don tábhacht atá le "normalú" tríd na healaíona a chur ar fáil trí Ghaeilge.

— Nuair a fiafraíodh cad iad na gníomhartha ar féidir glacadh leo sa Chomhairle Ealaíon chun tacú le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga sna healaíona agus iad a chur chun cinn, seo a leanas na príomhthéamaí ó na freagróirí:

  - Treoir straitéiseach shoiléir a sholáthar ar chláir ealaíon don óige do mhaoiniú fadtéarmach.
  - Tosaíocht a thabhairt do mhaoiniú do chláir leanaí agus daoine óga ar ardchaighdeán.
  - Cur le maoiniú chun scileanna agus inniúlachtaí ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon a fhorbairt chun freastal ar shárchleachtas.
  - Deiseanna a sholáthar maidir le foghlaim roinnte de chláir rathúla feadh na líonraí gairmiúla.
  - Cláir agus gníomhaíochtaí a chur in oiriúint do ghrúpaí ar an imeall.
  - Scoileanna Ildánacha a leathnú d'oideachas neamhfhoirmiúil.

**Tosaíocht Aoise** — Mhothaigh formhór na bhfreagróirí gur chóir go dtabharfaí tosaíocht chothrom do gach aon aoisghrúpa. Luaigh 43% de na freagróirí go dtabharfaí an tosaíocht is airde don Luathóige (0–6), luaigh 43% de na freagróirí go dtabharfaí an tosaíocht is airde don aoisghrúpa 13–17, agus luaigh 42% de na freagróirí go dtabharfaí an tosaíocht is airde do leanaí san aoisghrúpa 7–12.

De réir comhaontaithe na bhfreagróirí (i.e. an % a 'Comhaontaíodh do Láidir'), seo a leanas na 5 ghné ó thaobh cáilíochta d'ealaíon leanaí agus daoine óga:

- Go mbeadh an timpeallacht fáilteach agus sábháilte
- Go mbeadh deiseanna ag leanaí iad féin a chur in iúl tríd na healaíona.
- Go mothódh leanaí go mbeadh siad san áireamh agus go mbeadh tacaíocht acu a bheith rannpháirteach
- Sásamh a bhaint as an saol (is iomaí rud a mhothaíonn duine mar thoradh ar an ealaín - ach den chuid is mó ba chóir go mbeadh an t-eispéireas dearfach agus go mbeadh luach saothair agat as)
- Go mbeadh deiseanna agat nithe éagsúla a thriáil, agus taithí a fháil ar chineálacha éagsúla ealaíne (e.g. cineálacha difriúla damhsa, ceol)



Scoileanna Ildánacha, Scoil Náisiúnta Buachailli Bhaile Átha an Rí





***Comhairliúcháin le Leanaí agus Daoine Óga faoi na hEalaíona agus Gníomhaíochtaí Ildánacha thar ceann na Comhairle Ealaíon — Taighde Sandra Roe***

Chuathas i gcomhairle le 663 leanbh agus duine óg san iomlán ag baint leas as modhanna taighde éagsúla.

Baineadh leas as roinnt modhanna taighde éagsúla chun dul i gcomhairle le leanaí agus le daoine óga. Seo a leanas na modhanna a úsáideadh:

- Modh na scéalaíochta le leanaí óga idir 3–5 bliana d'aois.
- Modh na líníochta agus na scríbhneoireachta le leanaí óga idir 3–5 bliana d'aois.
- Modh na ngrúpaí fócais le leanaí idir 5–7 bliana d'aois.
- Taighde breathnóireachta agus modh na líníochta agus na scríbhneoireachta le leanaí a bhfuil Uathachas orthu idir 6–13 bliana d'aois.
- Suirbhé a bhí dírithe ar leanaí idir 8–12 bliana d'aois.
- Suirbhé a bhí dírithe ar dhaoine óga idir 12–18 bliana d'aois.

**Achoimre ar na Príomhthorthaí**

**Torthaí na gComhairliúchán le leanaí idir 3–5 bliain d'aois.**

- Chuathas i gcomhairle le 17 leanaí réamhscoile in aois 2 - 5 bliana d'aois i suíomh cúraim leanaí mar chuid den taighde.
- Bhí na leanaí ag canadh, ag seinm uirlisí ceoil, ag scéalaíocht agus i mbun spraoi samhlaíoch roimhe sin ina n-ionad cúraim leanaí.
- Ar na háiteanna ba mhó a bhíodh leanaí páirteach i ngníomhaíochtaí ealaíne agus ildánacha iontu bhí ina dtithe cónaithe, ina ngairdíní, ar na bóithre ina raibh cónaí orthu agus i dtithe cónaithe gaolta leo.
- Ar na cineálacha ba choitianta gníomhaíochtaí ealaíon agus ildánacha ar thaitin le leanaí bhí ceol agus canadh, ansin damhsa; péintéireacht, líníocht agus dathú; ag éisteacht le scéalta; spraoi samhlaíoch agus Lego.
- Ar na mothúcháin ba choitianta a mhothaigh leanaí agus iad ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí ildánacha bhí gur mhothaigh siad sona, go maith, ar bís, ar a suaimhneas agus go raibh spraoi acu.
- Ina n-ionad cúraim leanaí, bhíodh na leanaí gníomhach i ngníomhaíochtaí ealaíon agus ildánacha níos minice lena gcairde, leis na hoibrithe cúraim leanaí ann agus le healaíontóirí a thagadh ar cuairt agus bhí siad gníomhach níos minice i ngníomhaíochtaí ildánacha ealaíon ag an mbaile lena ndeartháireacha nó lena ndeirfiúracha, lena dtuismitheoirí agus lena sean dtuismitheoirí.

**Torthaí na gComhairliúchán le Leanaí idir 5–7 bliana d'aois.**

- Chuathas i gcomhairle le 48 leanbh san iomlán sna Naíonáin Bheaga agus sna Naíonáin Mhóra i mbunscoil faoin tuath mar chuid den taighde.
- Baineadh leas as modh fócusghrúpa chun dul i gcomhairle leis na leanaí faoi na gníomhaíochtaí ildánacha ar thaitin leo a bheith páirteach iontu.
- Ar na cineálacha ba choitianta gníomhaíochtaí ealaíon agus ildánacha ar thaitin le leanaí bhí canadh, damhsa, drámaíocht, e.g. spraoi samhlaíoch agus ag déanamh nithe.
- Ar na mothúcháin ba mhinice a luaigh leanaí agus iad gníomhach sna healaíona agus i ngníomhaíochtaí ildánacha bhí gur mhothaigh siad sona, go maith, go deas, go raibh spraoi acu, go raibh siad ar bís, go raibh siad bródúil agus go raibh siad teolaí.
- Ba mhó an seans go mbeadh leanaí gníomhach leis na healaíona agus le gníomhaíochtaí ildánacha sa scoil, sa bhaile, amuigh faoin aer agus ina gcuid gairdíní.

— Ar na gníomhaíochtaí ealaíona agus ildánacha ba mhinice a luaigh leanaí ar thaitin leo a bheith ina mbun bhí ag déanamh agus ag tógáil nithe, drámaíocht, damhsa, péintéireacht, cré agus dealbhóireacht agus i mbun ceardaíochta.

**Torthaí na gComhairliúchán le Leanaí a bhfuil Uathachas orthu**

— Chuathas i gcomhairle le hochtar leanaí a bhfuil uathachas orthu a bhí idir 6–13 bliana d'aois in dhá cheardlann ar leithligh.

— Le ceardlann amháin, díríodh ar leanaí níos óige idir 6–7 mbliana d'aois agus le ceardlann eile díríodh ar leanaí idir 8 agus 13 bliana d'aois.

— Bhí na leanaí gníomhach leis na healaíona agus le gníomhaíochtaí ildánacha ina scoil agus lena múinteoir ealaíne agus le healaíontóirí a tháinig ar cuairt, ar thurais scoile, sa mheánscoil áitiúil agus sa bhaile.

— Áiríodh ar na gníomhaíochtaí ealaíon agus ildánacha ar thaitin leis na leanaí a bheith gníomhach iontu bhí casadh, ceol, ag seinm uirlisí, ag damhsa, spraoi samhlaíodh, scannán, ag dul chuig an bpictiúrlann, ag foghlaim cleasanna sorcais, ag déanamh agus ag tógáil nithe, ag cruthú nithe agus códú.

— Bhain na leanaí a bhfuil Uathachas orthu taitneamh as na gníomhaíochtaí ealaíon agus ildánacha, éispéiris chéadfacha san áireamh. Bhí tionchar suaimhneasach agus suaimhneas ag roinnt de na heispéiris chéadfacha ar na leanaí, e.g. ag éisteacht le ceol bog agus suaimhneach, ag úsáid gaothráin, soilse, ábhair agus uigeachtaí, etc.

— Bhain na leanaí sásamh as éispéiris chruthaitheacha ina raibh gluaiseacht i gceist, e.g. ag leanúint eitleáin pháipéir.

**Torthaí Shuirbhé na Leanaí**

— San iomlán chomhlánaigh 424 leanbh idir 8–13 bliana d'aois suirbhé na leanaí.

— Bhí 8.5% de na freagróirí i rang a haon, bhí 4.6% acu i rang a dó, bhí 56.6% i rang a trí, bhí 7% acu i rang a 4, bhí  3.9% i rang a 5 agus bhí 19.4% acu i rang a 6.

— D'fhreastail na freagróirí go léir ar scoileanna comh-oideachais. Bhí 200 (47.6%) de na freagróirí ag freastal ar Ghaelscoileanna, ba ó scoileanna DEIS iad 63 (15%) acu, tháinig 208 (49.5%) acu ó scoileanna a bhí lonnaithe i gceantair faoin tuath agus tháinig 162 (38.6%) acu ó scoileanna a bhí lonnaithe i gceantair uirbeacha.

— Ar na gníomhaíochtaí ealaíon agus ildánacha ba chomónta a thaitneodh le leanaí iad a thriáil nó iad a dhéanamh níos minice bhí péintéireacht/dathú (30%) ansin líníocht/sceitseáil (25%); drámaíocht/aisteoireacht (25%); cré (22.2%); ceol/canadh (17.2%); foirgníocht/tógáil (12.3%); cócaireacht, bácáil agus maisiúchán (11.1%); damhsa (10.1%) agus beochan/beochan dhigiteach (9.7%).

— Ar na mothúcháin ba mhinice a mhothaigh leanaí agus iad i mbun na n-ealaíon nó na ngníomhaíochtaí ildánacha bhí gur mhothaigh siad sona (67.9%) ansin gur mhothaigh siad ar a suaimhneas/ar a sáimhín só (19.3%); go maith/thar cionn/ar fheabhas ar fad (16.7%); ar bís (10.8%); faoi strus/mífhoighneach/faoi bhrú (10.3%); cruthaitheach (9.4%) agus neirbhíseach/faiteach/imníoch (5.2%).

— Ar na háiteanna ba chomónta a mbíodh leanaí i mbun gníomhaíochtaí ealaíon nó ildánacha ba ar scoil (73.8%) ba mhinice a bhíodh siad, ansin sa bhaile (47.2%); amuigh faoin aer (29.5%); i dtithe cairde/gaolta (5.2%); gan aon áit ar leith/i ngach áit (3.8%) agus in áiteanna ciúine (1.7%).

— Ar na moltaí ba chomónta a rinne leanaí ná go mbeadh níos mó gníomhaíochtaí ealaíne agus ildánacha i scoileanna (39.2%); dul i gcomhairle le leanaí faoi chúrsaí ealaíne (34.3%); ranganna ealaíne saor in aisce, ceardlanna, campaí agus soláthairtí (10.8%); níos mó airgid a thabhairt don ealaín (7.8%); níos mó saoráidí ealaíne (6.1%); ag tabhairt cúnaimh/ag spreagadh leanaí chun a bheith páirteach (5.7%) agus níos mó gníomhaíochtaí spraíúla (5.7%).

**Torthaí an tSuirbhé do Dhaoine Óga**

— Chuathas i gcomhairle le 166 duine óg san iomlán idir 12 – 19 bliana d'aois trí shuirbhé a chomhlánaigh daoine óga in iar-bhunscoileanna agus in ionaid d'obair óige.

— Acu sin a chomhlánaigh an suirbhé i scoileanna, bhí 8.5% acu sa chéad bhliain, bhí 4.6% acu sa dara bliain, bhí 56.6% acu sa tríú bliain, bhí 7% acu sa cheathrú bliain, bhí 3.9% acu sa chúigiú bhliain agus bhí 19.4% acu sa séú bliain.

— Maidir leis na cineálacha scoileanna, d'fhreastail na freagróirí go léir ar scoileanna comh-oideachais. Bhí 21.5 (47.6%) de na freagróirí ag freastal ar Ghaelscoileanna, ba ó scoileanna DEIS iad 17.7 (15%) acu, tháinig 52.3 (49.5%) acu ó scoileanna a bhí lonnaithe i gceantair faoin tuath agus tháinig 47.7 (38.6%) acu ó scoileanna a bhí lonnaithe i gceantair uirbeacha.

— Ar na mothúcháin ba chomónta a mhothaigh daoine óga a ghlac páirt san ealaín agus i ngníomhaíochtaí ildánacha bhí gur mhothaigh siad sona (30.7%); ar a suaimhneas agus suaimhneach (25.3%); go maith/iontach (19.9%); cruthaitheach (15.7%); taitneamhach/spraoi (11.4%); dírithe (8.4%) agus in ann iad féin a chur in iúl/samhlaíoch (7.2%).

— Ar na háiteanna ba chomónta a mbíodh daoine óga i mbun gníomhaíochtaí ealaíne nó ildánacha ba ar scoil (64.5%) ba mhinice a bhíodh siad, ansin sa bhaile (47.6%); amuigh faoin aer (11.4%); le cairde (7.2%); i gclubanna óige (6.6%); gan aon áit ar leith/i ngach áit (4.8%); in amharclanna (4.2%) agus in áiteanna ciúine (4.2%).

— Ar na gníomhaíochtaí ealaíne agus ildánacha ba chomónta a thaitneodh le daoine óga níos mó acu a dhéanamh bhí péintéireacht/dathú (29.5%); ceol (27.7%); drámaíocht/aisteoireacht (25.9%); ansin líníocht/sceitseáil (19.9%); cré, dealbhóireacht agus potadóireacht (16.9%); damhsa (7.8%) agus beochan (6%).

— Ar na srianta nó na bacainní ba chomónta a aithníodh a stop daoine óga ag glacadh páirt sna healaíona agus i ngníomhaíochtaí ildánacha bhí náire, brú óna bpiarghrúpa agus bulaíocht (24.1%); agus ansin scoil, staidéar agus obair bhaile (22.3%); easpa ama (14.5%); easpa rochtana ar na healaíona (14.5%); costas (13.9%); easpa muiníne (12.7%); easpa suime (12.7%); faitíos nach n-éireoidh leat/imní (11.4%); spórt agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim (9%) agus tuismitheoirí/easpa spreagtha (7.2%).

— Ar na moltaí a rinne daoine óga sa chás go mbeadh siad féin i gceannas ar na healaíona, bhí níos mó gníomhaíochtaí ealaíona scoilbhunaithe (31.3%); níos mó maoiniú do na healaíne (26.5%); níos mó áiseanna do na healaíne (20.5%); níos mó grúpaí/tograí ealaíon (15.7%); níos mó cur chun cinn/fógraíocht ar na healaíona (8.4%) agus cúnamh/tacaíocht do dhaoine óga a bheith rannpháirteach sna healaíona agus gníomhaíochtaí ildánacha lena n-áirítear daoine óga leochaileacha.





